



AN tÚDARAS SLÁINTE
AGUS SÁBHÁILTEACHTA



An tÚdarás Sláinte agus
Sábháilteachta
Clár Oibre
2009



Ag obair le
Cultúr Náisiúnta
Barr Feabhais i
Sábháilteacht,
Sláinte agus Leas
san Ionad Oibre a
chruthú d'Éirinn

CLÁR OIBRE 2009

CLÁR

BROLLACH	3
RÁITEAS STRAITÉISE	4
STRUCHTÚR AN ÚDARÁIS	6
ACHOIMRE	7
ACHOIMRÍ PRÍOMHEARNÁLA	8
Talmhaíocht	8
Cairéil	8
Foirgníocht	9
ACHOIMRÍ EOCHAIRCHLÁIR NÁISIÚNTA	11
Sláinte Cheirde	11
Cláir Oideachais	12
RANNÓG UM CHOMHLÍONADH AGUS COMHAIRLE IONAD OIBRE	14
Clár na nOibríochtaí Allamuigh	15
Bainistíocht Sláinte agus Sábháilteachta	15
Earnáil na Talmhaíochta, Foraoiseachta agus Iascaireachta	16
Earnáil na Mianadóireachta agus Cairéalachta	17
Earnáil na Déantúsaíochta	18
Earnáil Soláthair Leictreachais, Gáis, Gaile agus Aerchóirithe	18
An Earnáil Foirgníochta	19
Earnáil Trádála Mórdhíola agus Mionrdíola, Deisiúcháin Mótarfheithiclí ' agus Gluaisrothar	20
Earnáil Chóiríochta agus Gníomhaíochtaí Seirbhíse Bia	20
Earnáil an Iompair agus na Stórala	21
Earnáil na nGníomhaíochtaí Airgeadais agus Áireachais	22
Riarachán Poiblí agus Cosaint; Earnáil na Slándála Sóisialaí Éigeantaí	22
An Earnáil Oideachais	23
Earnáil Shláinte an Duine agus Gníomhaíochtaí Oibre Sóisialta	23
Earnáil Ealaíon, Siamsaíochta agus Áineasa	24
Earnálacha Eile	24
Cláir Imoibríocha	25
Fiosrúcháin ar Ghearáin agus Ghortuithe	25
Feachtais Earnála	25
Sláinte Cheirde	26
Clár um Chomhairle Dlí agus Ionchúiseamh	26
Clár Forfheidhmithe Ceimiceán	26
Forfheidhmiú REACH agus Sláinteachas Oibre	26
Láithreáin Mhórghuaiseacha Timpiste	27



Iompar agus Stóráil Substaintí Contúirteacha	28
Cláir Forbartha um Chaighdeán Iniúchta agus Próiseas Iniúchta	29
AN RANNÓG UM BEARTAS AGUS SEIRBHÍSÍ CEIMICEÁN	30
Eochairearnálacha	31
Freagrachtaí Riaracháin agus Údaráis Inniúil	32
Forbairt ar Bheartas agus Reachtaíocht Cheimiceán	32
Tacaíocht, Eolas agus Comhairle do Pháirtithe Leasmhara Ceimiceán	33
RANNÓG NA SERIBHÍSÍ COISC	34
Eochairearnálacha	35
Earnáil na Talmhaíochta, Foraoiseachta agus lascaireachta	35
Earnáil na Mianadóireachta agus Cairéalachta agus Earnálacha a úsáideann Pléascáin)	38
Earnáil Soláthair Leictreachais, Gáis, Gaile agus Aerchóirithe	39
An Earnáil Foirgníochta	40
Na Dugaí	42
Earnáil Trádála Mórdhíola agus Mionrdíola, Deisiúcháin Mótarfheithiclí agus Gluaisrothar	42
Earnáil Chóiríochta agus Gníomhaíochtaí Seirbhíse Bia	43
Earnáil an Iompair agus na Stórala	43
Iompar Earraí Contúirteacha agus Brú-Threalaimh Iniompair	45
Earnáil Shláinte an Duine agus Gníomhaíochtaí Oibre Sóisialta	46
An Earnáil Oideachais	46
Eochairghuaiseacha	47
Sciorthaí, Tuislí agus Titim (STF)	47
Innealra agus Trealamh	48
Oibreáin Fhisiciúla	48
Iniúchadh ar Bhrúchóras	49
Obair ar Airde	49
Eochairchláir Náisiúnta (Gníomhaíocht a Réisíonn gach Earnáil)	50
Sláinte Cheirde	50
Meabhairshláinte a Bhaineann le hObair	51
Sláinte Mhatánchnámharlaigh	51
Oideachas	52
Clár um Chumarsáid Sheachtrach agus Teagmháil le Custaiméirí	54
AN RANNÓG SEIRBHÍSÍ CORPARÁIDEACHA	56
Rialachas Corparáideach	56
Taighde agus Staitisticí	57
Acmhainní Daonna (HR)	58
Bainistíocht Airgeadais agus Saoráidí	59
Teicneolaíochtaí Faisnéise agus Cumarsáide (ICT)	60
Forbairt Reachtaíochta agus Idirchaidreamh Roinne	61

Arna fhoilsiú i bhFeabhra 2009 ag an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta, An Foirgneamh Uirbeach, Sráid James Joyce, Baile Átha Cliath 1.

© 2009 An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta.

Gach ceart ar cosaint. Níl cead aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeadh, a stóráil i gcóras aisghabhála nó a tharchur ar dhóigh ar bith, cé acu leictreonach, meicniúil, fotachóipeáil, taifeadadh nó eile, gan cead a fháil ón Údarás Sláinte agus Sábháilteachta roimh ré.



[BROLLACH]

Is é seo an chéad chlár oibre a d'ullmhaigh Bord nua an Údaráis agus tá sé uailmhianach. Is dóigh liom, áfach, nach amháin go bhfuil sé indéanta, ach go bhfuil sé ríthábhachtach go mbainfear amach é, mar braitheann saol, sábháilteacht agus sláinte an oiread sin daoine ar an Údarás a bheith ag déanamh a chuid oibre go feadh a chumais. Agus le linn dom a bheith i mo Chathaoirleach, tá sé feicthe agam go mbíonn foireann an Údaráis ag seachadadh go seasta ar chlár an-dúshlánach.

Domsa, beidh athbhreithniú bunúsach ar straitéis fhoriomlán an Údaráis ar cheann de na heochaireilimintí de chlár 2009. Cé gur straitéis mhaith atá sa straitéis reatha, tá sé taobh thiar anois tar éis an méid atá tarlaithe: tá cuid mhór den Údarás ag obair anois ar REACH, a d'eascraigh as sábháilteacht agus an timpeallacht ar aon; tá an fás fostaíochta sa tír cúlaith agus tá athrú ag teacht ar struchtúr na hoibre agus na fostaíochta. Ní mór dár straitéis nua na rudaí seo a thabhairt san áireamh.

Téann an clár i mbun ardleibhéal iniúchta agus forfheidhmithe a bhaint amach mar aon le clár faisnéise agus comhairle a chothromú chun cúnaimh a thabhairt d'fhostóirí sábháilteacht a bhainistiú. Anuas ar seo leanfaidh an clár athnuachana reachtaíochta ar aghaidh le reachtaíocht a dhéanamh inrochtana agus ciallmhar.

Ní bheidh sé éasca ár gclár agus ár spriocanna a bhaint amach. Cosúil le go leor gníomhaireachtaí eile tá ciste níos lú ar fáil dúinn i 2009. Ach, déanfaimid ár seacht ndícheall cinnte a dhéanamh de go seachadfaimid an toradh is fearr is féidir ionas go seachnóimid na costais nach gá a bhaineann le timpistí agus drochshláinte inseachanta.



Jim Lyons
Cathaoirleach
An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta



[RÁITEAS STRAITÉISE]

Tá sé mar aidhm ag clár oibre an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta do 2009 ár bhfís de chultúr náisiúnta barr feabhais maidir le sábháilteacht, sláinte agus leas a bhaint amach chun na sé phríomhsprioc atá leagtha amach thíos a bhaint amach.

IS Í ÁR BHFÍS NÁ:

Cultúr barr feabhais náisiúnta maidir le sábháilteacht, sláinte agus leas san ionad oibre, ina mbeidh gach fostaí, fostóir agus eagraíocht tiomanta do thimpistí, gortuithe, agus drochshláinte a bhaineann leis an obair a chosc go gníomhach ar bhonn fadtéarmach, buan agus inbhuanaithe.

IS É ÁR GCUSPÓIR NÁ:

Sábháilteacht, sláinte agus leas san ionad oibre a dhéanamh ina chuid lárnach de ghnó a dhéanamh i ngach ionad oibre in Éirinn.

IS IAD ÁR SÉ PHRÍOMHSPRIOC NÁ:

1. Feasacht a spreagadh ar shábháilteacht, sláinte agus leas ceirde san ionad oibre i measc fostóirí, fostaíthe agus sa tsochaí trí chéile.
2. Díriú ar oibrithe agus bainisteoirí na todhchaí trí chultúr sábháilteachta a chothú trí idirghabháil luath agus leantach sna córais oideachais agus oiliúna.
3. Eolas agus treoir ábhartha agus shainiúil a chur ar fáil go héasca dóibh siúd a bhainistíonn agus a chuireann sábháilteacht san ionad oibre chun cinn i ngach earnáil agus cabhrú leo a spriocanna a bhaint amach.
4. Reachtaíocht sábháilteachta, sláinte agus leasa ceirde a chur chun cinn trí iniúchtaí spriocdhírithé tosaíochta agus trí chaingean dlí nuair is gá.
5. Clár taighde a fhorbairt ar réimsí ardphriacail arb ann dóibh cheana agus cinn atá ag teacht chun cinn maidir le sábháilteacht, sláinte agus leas san ionad oibre a chuirfidh ár mbearta go léir ar an eolas.
6. Cinntiú go seachadann an tÚdarás agus a fhoireann, acmhainní agus shaoráidí ar na spriocanna corparáideacha seo i gcomhréir le dea-chleachtas agus luach ar airgead.



IS IAD NA LUACHANNA ATÁ AGAINN NÁ:

- Dea-chleachtais agus dea-nósanna imeachta a fhorbairt agus a úsáid chun ardchaighdeán seirbhísí a bhaint amach agus a chothabháil.
- Dul i gcomhairle lenár gcustaiméirí chun a riachtanais a aithint agus ár seirbhísí a fhorbairt le freastal do na riachtanais sin.
- Déileáil le daoine ar bhealach díreach, béasach, cabhrach, oscailte agus gairmiúil.
- Caitheamh le daoine go cothrom agus go seasta.
- Bunchloch seirbhísí do chustaiméirí ar ardchaighdeán a leagan trí dhea-choinníollacha oibre a sholáthar dár bhfoireann go léir.
- Meas a bheith againn ar cheart gach duine ar dhínit ina saol oibre.



STRUCHTÚR AN ÚDARÁIS

BORD AN ÚDARÁIS

Cinneann an Bord beartas agus cuspóirí don Údarás agus déanann sé maoirseacht ghinearálta maidir le cláir oibre agus próisis an Údaráis.

Is éard atá sa Bhord ná cathaoirleach agus aon bhall déag ceaptha ag an Aire Gnóthaí Saothair. Ceapann an tAire baill ainmnithe ag eagraíochtaí atá ionadaíoch do na páirtithe sóisialta agus leasanna eile a bhaineann le sláinte agus sábháilteacht cheirde, lena n-áirítear fostaithe, fostóirí agus comhlachtaí eile.

Seo a leanas baill an Bhoird reatha:

Jim Lyons <i>Cathaoirleach</i>		
Ainmnithe Fostóirí	Ainmnithe Airí	Ainmnithe Fostaithe
Marian Byron	Ann-Marie Hayes	Eamon Devoy (Leasathaoirleach)
Dermot Casey	Pat Kearney	Esther Lynch
Sean Corrigan	Christina McEleney	Dessie Robinson
	Francis Rochford	
	Rosie Sheerin	

AN COISTE FEIDHMIÚCHÁIN

Cuireann an coiste feidhmiúcháin, feidhmeanna an Údaráis i gcrích de réir bheartas an Bhoird agus a chúram reachtaíochta. Is éard atá sa choiste feidhmiúcháin ná foireann de 197 duine, eagraithe i gceithre rannóg feidhme mar seo a leanas:

Martin O'Halloran <i>Príomhfheidhmeannach</i>			
Rannóg um Chomhlíonadh agus Comhairle Ionad Oibre	An Rannóg Beartas agus Seirbhísí Ceimiceán	Rannóg na Seirbhísí Coisc	An Rannóg Seirbhísí Corparáideacha
Michael Henry Leas-Phríomhfheidhmeannach	Sharon McGuinness Leas-Phríomhfheidhmeannach	Mary Dorgan Leas-Phríomhfheidhmeannach	Robert Roe Leas-Phríomhfheidhmeannach

Tá ár gclár oibre do 2009 eagraithe de réir rannóige agus leagann an doiciméad seo eochairróil agus eochairghníomhaíochtaí gach rannóige amach. Tá réimse de níos mó ná rannóg amháin ag go leor clár, e.g. tá cláir chomhordaithe ag na Rannóga um Chomhlíonadh agus Cosc i roinnt earnálacha, lena n-áirítear talmhaíocht agus foirgníocht.



ACHOIMRE

Le linn 2009 táimid chun:

- Straitéis nua eagraíochta a fhorbairt chun geilleagar, lucht oibre agus cúram don Údarás atá ag athrú a thabhairt san áireamh.
- 17,400 iniúchadh a chur i gcrích, a mbeidh 5,500 díobh san earnáil foirgníochta, 2,000 in earnáil na déantúsaíochta agus 1,500 in earnáil na talmhaíochta.
- Díriú ar bhainistíocht sláinte agus sábháilteachta le linn iniúchtaí, lena n-áirítear ráitis sábháilteachta, pleananna sábháilteachta agus sláinte agus nuair is iomchuí, cóid chleachtais.
- Ár ndualgais mar Údarás Inniúil faoin Acht Ceimiceán 2008 a chomhlíonadh.
- Rialacháin nua do Rangú, Lipéadú agus Pacáistiú a thabhairt isteach.
- Na Rialacháin agus treoir um Oibreáin Bhitheolaíochta a leasú agus a nuashonrú.
- Na Rialacháin Aispeiste leasaithe a thabhairt isteach agus treoir a fhoilsiú.
- An Cód Cleachtais d'Oibreáin Cheimiceacha nuashonraithe a fhoilsiú.
- Bealaí nua agus núálacha a aithint chun feacht ar cheimiceáin a spreagadh ag an obair.
 - Tacú le hobair Choiste Comhairleach na Comhpháirtíochta Sábháilteachta ar an bhFeirm agus cur i bhfeidhm a phlean gníomhaíochta.
- Dúshlán a fhógairt do pháirtithe leasmhara náisiúnta dul i ngleic leis an droch-chuntas sábháilteachta agus sláinte i dtalmhaíocht agus a straitéisí sláinte agus sábháilteachta féin a chur i bhfeidhm.
 - An Cód Cleachtais do Bháid Iascaireachta a sheoladh.
 - Comhaontas straitéiseach a úsáid leis an Irish Concrete Federation mar bhealach chun treoir bhreise a fhorbairt don earnáil foirgníochta.
 - Dul ar aghaidh ag obair go gníomhach le heagraíochtaí eile cosúil le Cónaidhm Thionscal na Foirgníochta, Comhdháil na gCeardchumann, an Bord Seirbhísí Bainistíochta Rialtais Áitiúil agus an Chomhpháirtíocht um Shábháilteacht Foirgníochta chun ionaid oibre níos sábháilte a chur chun cinn agus a chothú.
 - Tuilleadh pleananna do chóras sábháilte oibre a fhorbairt, chun cabhrú le gach conraitheoir ach go háirithe an leis an gconraitheoir beag.
 - An córas garchabhrach ceirde nua a neadú.
 - Foireann uirlisí sláinte nua don ionad oibre a tháirgeadh do chuideachtaí beaga agus micrea-chuideachtaí.
 - Feidhmiú céimeach den chóras bainistíochta sláinte agus sábháilteachta d'iarbhunscoileanna ar bhonn náisiúnta le tacaíocht ón Roinn Oideachais agus Eolaíochta.
- Ár gcórais HR, ICT agus córais airgeadais reatha a fheabhsú chun barr feabhais a chinnití i seachadadh seirbhísí dár gcustaiméirí inmheánacha.



ACHOIMRÍ PRÍOMHEARNÁLA

TALMHAÍOCHT

Táimid chun:

- Dúshlán a fhógairt do pháirtithe leasmhara náisiúnta dul i ngleic le droch-chuntas sláinte agus sábháilteachta na hearnála tríd a straitéisí sláinte agus sábháilteachta féin a chur i bhfeidhm.
- 1,500 iniúchadh a chur i gcrích in earnáil na talmhaíochta, dírithe go háirithe ar fheirmeacha teaghlaigh. Déanfar iniúchadh chomh maith ar mharglanna.
- Úsáid Chód Cleachtais na Talmhaíochta agus feasacht air a mheasúnú.
- Iniúchtaí a dhíriú ar shaincheisteanna sábháilteachta leanaí, sábháilteachta innealra agus láimhsithe sciodair.
- Comhairle a thabhairt ar oiliúint sláinte agus sábháilteachta feirme agus ar ghníomhíochtaí tógála ar an bhfeirm.
- Sa chás go bhfuil obair tógála ar siúl, iniúchadh a dhéanamh ar an ngníomhaíocht seo.
- Feasacht ar ghníomhaíochtaí fíorchontúirteacha a spreagadh ar féidir leo bheith ina chúis le feirmeoirí níos sine a bheith gortaithe.
- Tacú go háirithe le hobair Choiste Comhairleach na Comhpháirtíochta Sábháilteachta ar an bhFeirm (FSPAC) agus cur i bhfeidhm a phlean gníomhaíochta cúig bliana.
- An comhthionsamh coiscteach idir an Údarás agus Teagasc a chothabháil agus a chur i bhfeidhm.
- Freastal ar an gComórtas Náisiúnta Treabhdóireachta agus ag seó amháin eile, i gcomhar leis an FSPAC, ar chúiseanna cur chun cinn.
- Treoirínte do mharglanna, seamlais, agus monarchana feoil faoi láimhsiú ainmhithe a tháirgeadh agus a chur in iúl chun oibrithe a chosaint.

CAIRÉIL

Táimid chun:

- 750 iniúchadh ar chairéil agus fiche cinn bhreise ar mhianaigh a chur i gcrích.
- Comhlíonadh a mheasúnú faoin gclár bainistíochta sláinte agus sábháilteachta.
- Iniúchtaí a dhíriú ar úsáid shábháilte gléasra, cosaint shásúil ciumhaise, gluaiseacht feithiclí agus coisithe, úsáid pléascán, agus torann.
- Feasacht a spreagadh ar Rialacháin na gCairéal, iad a chur chun cinn agus eolas a sholáthar orthu trí threoir a úsáid a d'eisigh an tÚdarás i 2008.



- Cinntiú go ndearnadh na ceapacháin ábhartha go léir d'oibreoir, maoirseoir pléascán agus lucht séidte pléascáin agus go bhfuair an tÚdarás fógra mar is cuí.
- Tacú le hobair Choiste Stiúrtha na Sábháilteachta i gCairéil maidir le Seimineár Náisiúnta ar Shábháilteacht i gCairéil a réachtáil agus cur chuigeanna dea-chleachtais a fhorbairt.
- Comhghuaillíocht straitéiseach a úsáid leis an Irish Concrete Federation mar bhealach chun treoir bhreise a fhorbairt don earnáil agus tionscnaimh ábhartha eile a chur i gcrích.
- Tacú le FÁS maidir le forbairt agus rannpháirtíocht in oiliúint Scileanna Teastais Sábháilteachta i gCairéal laistigh den earnáil chairéalachta.

FOIRGNÍOCHT

Táimid chun:

- 5,500 iniúchadh a dhéanamh ar láithreáin tógála.
- Comhlíonadh a mheasúnú faoin gclár bainistíochta sláinte agus sábháilteachta, lena n-áirítear pleananna sláinte agus sábháilteachta sainiúil don láithreán a fhorbairt.
- An Cód Cleachtais do Chonraitheoirí le Triúr Fostaithe nó Níos Lú agus an treoir agus na cóid chleachtais nua-eisithe go léir san earnáil a chur chun cinn le linn an phróisis iniúchta.
- Cinntiú go bhfuil na cliaint ar fad eolach ar a ndualgais agus go ndéanann siad na ceapacháin is gá.
- Díriú ar obair ar airde agus ar thochailtí, gluaiseacht feithiclí, rochtain ar láithreán, oiliúint, agus ar áiseanna leasa.
- Leanúint leis an gclár láimhsithe ar cuireadh tús leis i 2008.
- Leanúint ar aghaidh ag obair go gníomhach le Cónaidhm Thionscal na Foirgníochta, Comhdháil na gCeardachumann, an Bord Seirbhísí Bainistíochta Rialtais Áitiúil agus na baill go léir den Chomhpháirtíocht um Shábháilteacht Foirgníochta ag leibhéal náisiúnta chun ionaid oibre níos sábháilte agus cultúr sábháilteachta feabhsaithe a chur chun cinn agus a chothú. Dul i ngleic go háirithe le:
 - Riachtanais sláinte agus sábháilteachta an chonraitheora bhig
 - Tuilleadh pleananna do chóras sábháilte oibre a fhorbairt, chun cabhrú le gach conraitheoir ach go háirithe leis an gconraitheoir beag
 - Cúrsaí sábháilteachta a chur san áireamh i bpróisis tairisceana agus soláthair.
- Leanúint ar aghaidh ag dul i dteagmháil le FÁS agus leis na páirtithe leasmhara náisiúnta ábhartha go léir maidir le hoiliúint ar an láthair a chur chun cinn agus riachtanais oiliúna don tionscal amach anseo a shainiúint. Tacóimid freisin agus leanfaimid orainn tionchar a bheith againn ar fhorbairt na gclár den Scéim Teastasaithe Scileanna Foirgníochta (CSCS) agus Pas Sábháilte mar thoradh ar an tuairisc nua ag Claritas a rinne FÁS i gcomhar leis an HSA.



- Seimineáir a reáchtáil ar fud na tíre chun feasacht a spreagadh agus a chur ar an eolas i measc maoir foirgníochta maidir le tionscnaimh nua an Údaráis, lena n-áirítear an Cód Cleachtais do Scafalra Rochtana agus Oibre, Cód Cleachtais do Chonraitheoirí le Triúr Fostaithe nó Níos Lú, leasuithe ar na Rialacháin Foirgníochta a bhaineann le hoiliúint CSCS agus treoir faoi obair ar bhóithre, agus an Plean do Chóras Sábháilte Oibre.
- Treoirlínte a fhoilsiú do dhea-chleachtas cliant maidir le foirgníocht.
- An Cód Cleachtais do Chonraitheoirí le Triúr Fostaithe nó Níos Lú a fhorbairt tuilleadh chun obair ar bhóithre a chuimsiú.



ACHOIMRÍ EOCHAIRCHLÁR NÁISIÚNTA

SLÁINTE CHEIRDE

Táimid chun:

- Feasacht níos fearr a spreagadh i measc fostóirí agus fostaithe maidir le sláinte san ionad oibre agus breoiteachtaí a bhaineann leis an obair a chosc.
- Moltaí ár straitéise Sláinte agus Folláine san Ionad Oibre a chur i bhfeidhm i gcomhar le heochairghrúpaí eile.
- Moltaí na Tuarascála Drummond a chur ar aghaidh maidir le galair cheirde a thuairisciú de réir threoir an Bhoird.
- An córas garchabhrach nua a neadú agus athbhreithniú a dhéanamh air ag deireadh na bliana.
- Díriú ar chuideachtaí beaga agus micrea-chuideachtaí ar thionscnamh tacaíochta sláinte san ionad oibre.
- An clár Work Positive a chur i bhfeidhm i gcúig chuideachta is fiche i gcúig earnáil agus cás-staidéir ábhartha a tháirgeadh.
- Forfheidhmiú chaighdeáin oiliúna FETAC do láimhsiú a thabhairt chun críche.
- Torthaí an tionscadail taighde ar láimhsiú i bhfoirgníocht a fhoilsiú agus plean gníomhaíochta a ullmhú ar a mholtaí.
- Treoir a ullmhú ar mheasúnú priacail ar láimhsiú in óstáin a dhéanamh.
- Iniúchtaí san ionad oibre a mhéadú i réimsí na sláinte ceirde thar raon guaiseacha: strus, láimhsiú, trealamh scailéan taispeána agus iniúchtaí spriocdhírthe i raon earnálacha. oideachas, gníomhaíochtaí airgeadais agus áireachais, riarachán poiblí agus cosaint, agus sláinte an duine agus obair shóisialta.
- Comhaoiniú a dhéanamh ar thaighde ar shláinte feirmeoirí (Walsh Fellowship/Teagasc).



CLÁIR OIDEACHAIS

Leanfaimid den obair atá ar siúl againn ó thaobh tionchar a bheith againn ar an gcóras oideachais agus cuirfimid léi trí:

- Obair chun sláinte agus sábháilteacht a phríomhshruthú ag gach leibhéal den oideachas.
- Tacaíochtaí do mhúinteoirí agus acmhainní ranga a sholáthar.
- Comhthionscnaimh a chur i bhfeidhm le heagraíochtaí ar aon intinn linn.

Ag leibhéal bunscoile táimid chun:

- Clár Éachtaí na nÓg 'Our Nation' a chur i bhfeidhm.
- An treoirthionscadal Keep Safe (Dún na nGall) a leathnú go dtí contae eile agus breathnú ar a indéantacht ar scála níos leithne.

Ag leibhéal iar-bhunscoile táimid chun:

- An clár 'Choose Safety' a fheidhmiú go céimneach ar leibhéal náisiúnta. Tá an clár seo dírithe don chuid is mó ar dhaltaí a ullmhú do shaol na hoibre agus go sonrach do chlár na hIdirbhliana agus na hArdteiste Feidhmí agus do Ghairmchlár na hArdteistiméireachta.
- Córas tacaíochta ar líne a chur i bhfeidhm, trí shuíomh Gréasáin an Údaráis, do mhúinteoirí a úsáideann an clár.
- Leanúint de bheith ag obair leis an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (NCCA) ar shláinte agus sábháilteacht a phríomhshruthú sa churaclam náisiúnta.
- Dréachtú agus tástáil Aonad Trasdula a thabhairt chun críche i gcomhréir leis an treoirlíne NCCA.
- Earraí teagaisc ríomhfhoghlamtha a fhorbairt agus a threoir chun cabhrú le daltaí ullmhú do thaithí oibre agus do shaol na hoibre ó thaobh na sláinte agus sábháilteachta.
- Bogearraí cluichí oideachasúla ar mheasúnú priacail dírithe ar dhaltaí iar-bhunscoile, ar féidir teacht orthu i d'aonar nó sa seomra ranga, a sholáthar go céimneach.
- Acmhainní teagaisc agus foghlamtha a fhorbairt nuair is gá, le tacaíocht ó na Seirbhísí Tacaíochta Dara Leibhéal, ag leanúint ónár n-idirghábhálacha leis an NCCA ar fhorbairt churaclaim.
- Cás-staidéar a fhorbairt don tsraith Spirit of Enterprise (acmhainn foghlamtha dírithe ar mhúinteoirí gnó) atá le scaipeadh ar na hiar-bhunscoileanna go léir.
- Clár Éachtaí na nÓg 'Our Company' a chur i bhfeidhm in iar-bhunscoileanna.



Ag an tríú leibhéal táimid chun:

- An tionscadal taighde leis an Institiúid Sláinte agus Sábháilteachta Ceirde ar stádas agus ábhar na sláinte agus sábháilteachta in eochairchúrsaí ag institiúidí tríú leibhéal in Éirinn a thabhairt chun críche.
- Ualach Oibre an Ghrúpa Tionscnamh Triú Leibhéal den Choiste Comhairleach Foirgníochta a bhainistiú agus a sheachadadh, a chuimseoidh:
 - Dul i dteagmháil le hinstitiúidí tríú leibhéal maidir le gnéithe oideachasúla sláinte agus sábháilteachta do ghairmithe foirgníochta
 - Dul i dteagmáil le gníomhaireachtaí/ institiúidí a leagann riachtanais oiliúna maidir le sláinte agus sábháilteacht síos dóibh siúd atá sa tionscal foirgníochta
 - Dul i dteagmháil le comhlachtaí gairme maidir le gnéithe oideachasúla sláinte agus sábháilteachta do ghairmithe foirgníochta
 - Réimsí taighde féideartha a chóradh agus a fhiosrú agus meicníochtaí maoinithe féideartha a fhoinsiú
 - Feasacht ar cheanglais reachtúla sláinte agus sábháilteachta a spreagadh i measc mac léinn atá ag glacadh páirte i gcláir a bhaineann le foirgníocht trí chomórtas a óstáil atá oscailte do na hinstitiúidí tríú leibhéal ar fad.
- Lucht acadúil atá ag cleachtadh a chur ar an eolas faoi fhorbairtí sa réimse sláinte agus sábháilteachta trí r-nuachtlitir a scaipeadh ag plé go sainiúil le cúrsaí a bhaineann le foirgníocht.
- Dul i dteagmháil le hinstitiúidí tríú leibhéal aonair d'fhonn cabhrú leo sláinte agus sábháilteacht a thabhairt isteach i gcúrsaí arb ann dóibh cheana agus i gcúrsaí nua.



RANNÓG UM CHOMHLÍONADH AGUS COMHAIRLE IONAD OIBRE

Tá an rannóg seo dírithe go príomha ar spriocanna straitéiseacha 3 agus 4 a sheachadadh, chun:

- Eolas agus treoir ábhartha agus shainiúil a chur ar fáil go héasca dóibh siúd a bhainistíonn agus a chuireann sábháilteacht san ionad oibre chun cinn i ngach earnáil agus cabhrú leo a spriocanna a bhaint amach.
- Reachtaíocht sábháilteachta, sláinte agus leasa ceirde a chur i bhfeidhm trí iniúchtaí spriocdhírthe tosaíochta agus trí chaineán dlí nuair is gá.

RÓL NA RANNÓIGE

Is é príomhról na rannóige ná cláir iniúchtaí náisiúnta a sheachadadh, in ionaid oibre aonair agus in eochairearnálacha. Dírimid ar na ról seo a leanas a bhaint amach:

- Feasacht a spreagadh ar shábháilteacht, sláinte agus leas ceirde san ionad oibre agus i measc fostóirí agus fostaithe.
- Reachtaíocht sábháilteachta, sláinte agus leasa ceirde a chur i bhfeidhm trí iniúchtaí spriocdhírthe tosaíochta agus trí chaineán dlí nuair is gá.
- Le linn iniúchtaí san ionad oibre, cinntiú go bhfuil eolas ag fostóirí ar a bhfreagrachtaí, go gcomhlíonann siad reachtaíocht sláinte agus sábháilteachta agus go mbainistíonn siad sláinte agus sábháilteacht ina n-ionad oibre. Baintear an sprioc seo amach trí mheascán de chomhairle, d'fhorfheidhmiú nó d'imeachtaí dlí, de réir mar is cuí.
- Feasacht oibríthe a spreagadh ar na héifeachtaí díobhálacha is féidir a bheith ag úsáid ceimiceán san ionad oibre ar an tsláinte agus ar an éifeacht atá ag ceimiceáin ar an mórtimpeallacht.
- Ár bhfreagracht a chomhlíonadh mar an Údarás Inniúil Náisiúnta do Mhórghuaiseacha Timpiste a Rialú (Rialacháin COMAH /Treoir Seveso II) agus Acht na nArm Ceimiceach.
- Bunachar sonraí cothrom le dáta a fhorbairt agus a chothabháil ar leibhéal comhlíontachta ionaid oibre na hÉireann le reachtaíocht sláinte agus sábháilteachta ceirde.
- An t-eolas a eascraíonn as an gclár iniúchta agus bunachar sonraí a úsáid le díriú ar bhearta agus thionscnaimh eile agus iad a aithint ar bhonn earnála agus ar bhonn fostóra aonair chomh maith.



CLÁR NA NOIBRÍOCHTAÍ ALLAMUIGH

BAINISTÍOCHT SLÁINTE AGUS SÁBHÁILTEACHTA

Sainaitníonn an tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005 an gá le sláinte agus sábháilteacht in ionaid oibre a bhainistiú. Déanfar measúnú ar bhainistíocht sláinte agus sábháilteachta in ionaid oibre a ndearnadh iniúchadh orthu mar chuid den fheachtas réamhghníomhach iniúchta sna hearnálacha ar leith atá liostaithe thíos.

CUSPÓIR

Bainistíocht sláinte agus sábháilteachta ag ionaid oibre in eochairearnálacha sainaitheanta a chinntiú.

TÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA

Ráiteas Sábháilteachta nó comhlíonadh le cóid chleachtais eisithe (talmhaíocht agus foirgníocht), measúnuithe priacail scríofa, feasacht ar fhreagrachtaí, feasacht ar an leibhéal comhlíontachta a bheith ann, córais a bheith ann do chomhairle éifeachtach ar chúrsaí sláinte agus sábháilteachta agus timpistí/ teagmhais chontúirteacha is gá a chur in iúl a thuirisciú.

Le linn iniúchtaí ar an ionad oibre, táimid chun:

- Comhairle agus treoir a thabhairt nuair is léir go bhfuil cur chuige dearfach ann maidir le bainistíocht sláinte agus sábháilteachta ach nach bhfuil sé éifeachtach amach is amach.
- Dul i mbun gnímh chun comhlíonadh a bhaint amach nuair is léir nach bhfuil bainistíocht sláinte agus sábháilteachta ar bith ann nó go bhfuil méid teoranta ann.
- Dul i dteagmháil le bainisteoirí sinsearacha chun bainistíocht sláinte agus sábháilteachta ar an láthair a phlé.
- Doiciméadú ábhartha a iarraidh agus a scrúdú, lena n-áirítear, measúnuithe priocail, ráitis sábháilteachta agus cóid chleachtais.
- Leibhéal comhlíontachta a n-éagraíochta leis an reachtaíocht chuí agus lena bhfreagrachtaí sláinte agus sábháilteachta a phlé le bainisteoirí sinsearacha.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar na córais chomhairliúcháin san ionad oibre.
- Comhairle a thabhairt d'fhostóirí maidir lena ndualgas ó thaobh timpistí agus teagmhais chontúirteacha a thuirisciú.
- Ról 'an duine inniúil' agus fáil air a athbhreithniú, go háirithe ó thaobh measúnuithe priacail ar cheimiceáin a chur i gcrích.
- Iniúchadh a dhéanamh ar ionaid oibre arís sa chás gur léiríodh nach raibh bainistíocht sláinte agus sábháilteachta ar bith ann nó go raibh an bhainistíocht go dona.
- Feidhmíocht earnála agus réigiúnach a thuirisciú agus a athbhreithniú.



EARNÁIL NA TALMHAÍOCHTA, FORAOISEACHTA AGUS IASCAIREACHTA

TALMHAÍOCHT

CUSPÓIRÍ

Feabhsuithe ar shábháilteacht ar an bhfeirm a bhaint amach trí theagmháil le feirmeoirí, iniúchtaí feirme agus tacú leis an gcur chuige comhpháirtíochta a glacadh le páirtithe leasmhara eile trí Choiste Comhairleach na Comhpháirtíochta Sábháilteachta ar an bhFeirm.

Feabhsuithe a bhaint amach i mbainistíocht obair tógála ar fheirmeacha le cinntiú go n-íoslaghdófar na pricail a bhaineann le comhcheangal an dá earnáil ar dphricail seo.

TÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA

Méadú ar líon na bhfeirmeoirí a bhfuil eolas acu ar Chód Cleachtais na Talmhaíochta agus a chomhlíonann é.

Méadú ar líon na bhfeirmeoirí a bhfuil eolas agus tuiscint acu ar ghuaiseacha agus pricail a bhaineann le hobair tógála, agus cáighdeán sábháilteachta feabhsaithe le linn gníomhaíochtaí tógála ar fheirmeacha.

Táimid chun:

- 1,500 iniúchadh a chur i gcrích in earnáil na talmhaíochta, dírithe go háirithe ar fheirmeacha teaghlach. Déanfar iniúchadh chomh maith ar mharglanna.
- Comhlíonadh leis an gclár bainistíochta sláinte agus sábháilteachta a mheasúnú.
- Díriú ar shaincheisteanna a bhaineann le sábháilteacht leanaí, sábháilteacht innealra agus láimhsiú sciodair.
- Comhairle a thabhairt agus oiliúint Teagaisc maidir le sláinte agus sábháilteacht ar an bhfeirm a chur chun cinn.
- Feasacht a spreagadh ar ghníomhaíochtaí ina bhfuil baol níos mó go ngortaítear feirmeoirí níos sine dá bharr.
- Comhairle a thabhairt ar ghníomhaíocht tógála agus ar fhreagrachtaí cliaint.
- Sa chás go bhfuil obair tógála ar siúl, iniúchadh a dhéanamh ar an ngníomhaíocht seo.
- Tacú le tionscnaimh sábháilteachta ar an bhfeirm eagraithe ag Rannóg na Seirbhísí Coisc, Coiste Comhairleach na Comhpháirtíochta Sábháilteachta ar an bhFeirm agus na Coistí Comhairleacha Réigiúnacha.
- Feidhmíocht earnála fhoriomlán a thuirisciú agus a athbhreithniú.



FORAOISEACHT

CUSPÓIR

Clár iniúchta sa réimse seo a chothabháil chun comhlíonadh le Cód Cleachtais na Foraoiseachta a chinntiú agus teagmháil a chothabháil le páirtithe leasmhara ábhartha.

TÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA

Tuiscint laistigh den earnáil ar an gcód cleachtais agus ar na dualgais dhlíthiúla a chuirtear ar dhaoine, agus ar chomhlíonadh leis na dualgais seo.

Táimid chun:

- Caoga iniúchadh foraoiseachta a dhéanamh, bunaithe ar an gcód cleachtais.
- Measúnú a dhéanamh ar an méid oiliúna maidir le húsáid gléasra agus trealaimh.

EARNÁIL NA MIANADÓIREACHTA AGUS CAIRÉALACHTA

CUSPÓIRÍ

Feabhsuithe ar bhainistíocht sláinte agus sábháilteachta mianach agus cairéal a bhaint amach.

Feasacht ar na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Cairéil) 2008 nua agus comhlíonadh leo a chinntiú.

TÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA

Ceapachán na maor ábhartha mar a éilítear de réir na rialachán nua.

Méadú ar na leibhéil chomhlíontachta, go háirithe sna réimsí a bhaineann le gléasra buan, gluaiseacht feithiclí agus úsáid pléascán ar an láthair.

Iniúchtaí a a dhéanamh arís ar chairéil sa chás gur sainaitníodh go raibh caighdeán laga ann.

Táimid chun:

- 750 iniúchadh ar chairéil agus fiche ceann bhreise ar mhianaigh a chur i gcrích.
- Comhlíonadh a mheasúnú faoin gclár bainistíochta sláinte agus sábháilteachta.
- Rialacháin na gCairéal a chur chun cinn agus eolas orthu a chur ar fáil trí threoir a d'eisigh an tÚdarás i 2008 a úsáid.
- Cinntiú go ndearnadh na ceapacháin ábhartha go léir d'oibreoir, maoirseoir pléascán agus lucht séidte pléascáin agus go bhfuair an tÚdarás fógra mar is cuí.
- Díriú ar úsáid shábháilte gléasra, cosaint shásúil ciumhaise, gluaiseacht feithiclí agus coisithe, úsáid pléascán, agus torann.
- Seachtain dhian iniúchtaí cairéal a réachtáil dírithe ar shaincheist reatha ar ábhar imní don earnáil seo í chun feasacht ar shláinte agus sábháilteacht a spreagadh.



- Tacú le tionscnaimh shábháilteachta mianach agus cairéal agus le comhghuaillíochtaí straitéiseacha.
- Feidhmíocht earnála fhoriomlán a thuairisciú agus a athbhreithniú.

EARNÁIL NA DÉANTÚSAÍOCHTA

CUSPÓIR

Díriú ar iniúchadh i réimse na déantúsaíochta d'fhonn leanúint ar aghaidh le leibhéal chomhlíontachta a fheabhsú agus cinntiú go bhfuil na rialacháin is gá á gcur i bhfeidhm ag fostóirí, go háirithe sa réimse obair ar airde nó rochtain ar airde.

TÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA

Méadú ar leibhéal na comhlíontachta, go háirithe sa réimse bainistíochta sláinte agus sábháilteachta.

Na guaiseacha agus contúirtí is mó, go háirithe na cinn a bhaineann le hinnealra, obair ar airde agus gluaiseacht feithiclí agus coisithe a bheith á rialú go sásúil in ionaid oibre.

Táimid chun:

- 2,000 iniúchadh a dhéanamh ar áitribh déantúsaíochta.
- Comhlíonadh a mheasúnú faoin gclár bainistíochta sláinte agus sábháilteachta.
- Díriú ar chosaint innealraí, úsáid forcardaitheoirí, obair ar airde, gluaiseacht coisithe, comharthaí CE, láimhsiú agus torann le linn iniúchadh.
- Feasacht a spreagadh ar rialacháin agus treoir nua.
- Feidhmíocht earnála fhoriomlán a thuairisciú agus a athbhreithniú.

EARNÁIL SOLÁTHAIR LEICTREACHAIS, GÁIS, GAILE AGUS AERCHÓIRITHE

CUSPÓIR

Córais bhainistíochta sláinte agus sábháilteachta a scrúdú i réimse an fhuinnimh in-athnuaite, go háirithe ó thaobh giniúint leictreachais trí chumhacht ghaoithe, d'fhonn cinntiú go ndearnadh measúnú ar cheist na cothabhála gléasra.

TÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA

Measúnuithe priacail ábhartha a bheith ann i ndáil le cothabháil gléasra ag saoráidí feirme gaoithe.

Táimid chun:

- Fiche iniúchadh a chur i gcrích agus caidreamh a bheith againn leis na príomhchuideachtaí a oibríonn feirmeacha gaoithe.
- Díriú, le linn iniúchadh, ar chothabháil gléasra agus obair ar airde.
- Na measúnuithe priacail a bhaineann le cothabháil gléasra a scrúdú, agus díriú go háirithe ar obair ar airde.



AN EARNÁIL FOIRGNÍOCHTA

CUSPÓIRÍ

Leanúint de chaighdeán sláinte agus sábháilteachta ar láithreáin tógála a fheabhsú trí Rialacháin Foirgníochta 2006 a chur i bhfeidhm.

Cinntiú go bhfuil treoir cosúil leis an bPlean do Chóras Sábháilte Oibre, an Cód Cleachtais do Chonraitheoirí a bhfuil Triúr Fóstaithe nó Níos Lú acu agus Cód Cleachtais do Scafalra Rochtana agus Oibre, nó treoir ar aonchaighdeán leo á n-úsáid ag fostóirí chun na contúirtí is mó a rialú.

TÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA

Méadú ar chomhlíonadh leis na Rialacháin Foirgníochta.

An treoir agus na cóid chleachtais atá ar fáil a bheith in úsáid agus tuiscint a bheith ag daoine orthu chun cabhrú leis na contúirtí is mó san earnáil a rialú. An Cód Cleachtais do Chonraitheoirí le Triúr Fóstaithe nó Níos Lú a bheith á úsáid, measúnuithe priacail a bheith ann, agus scafalra a bheith curtha suas ar aon dul leis an gcód cleachtais.

Táimid chun:

- 5,500 iniúchadh a dhéanamh ar láithreáin tógála.
- Comhlíonadh a mheasúnú faoin gclár bainistíochta sláinte agus sábháilteachta, lena n-áirítear pleananna sláinte agus sábháilteachta sainiúil don láithreán a fhorbairt.
- An Cód Cleachtais do Chonraitheoirí le Triúr Fóstaithe nó Níos Lú agus an treoir agus na cóid chleachtais nua-eisithe go léir san earnáil a chur chun cinn le linn an phróisis iniúchta.
- Cinntiú go bhfuil na cliaint ar fad eolach ar a ndualgais agus go ndéanann siad na ceapacháin is gá.
- Díriú ar obair ar airde agus ar thochailtí, gluaiseacht feithiclí, rochtain ar láithreán, oiliúint, agus ar áiseanna leasa.
- Leanúint leis an gclár láimhsithe ar cuireadh tús leis i 2008.
- Cinntiú go bhfuil fócas athnuaithe ar shábháilteacht foirgníochta trí dhá fheachtas sábháilteachta tógála a reáchtáil dirithe ar na saincheisteanna ar chúis imní faoi láthair na huairé iad.
- Tacú le tionscnaimh shábháilteachta foirgníochta eagraithe ag Rannóg na Seirbhísí Coisc, an Chomhpháirtíocht um Shábháilteacht Foirgníochta agus na Coistí Comhairleacha Réigiúnacha.
- Feidhmíocht earnála fhoriomlán a thuairisciú agus a athbhreithniú.



EARNÁIL TRÁDÁLA MÓRDHÍOLA AGUS MIONRDÍOLA, DEISIÚCHÁIN MÓTARFHEITHICLÍ AGUS GLUAISROTHAR

CUSPÓIRÍ

Tús a chur le clár iniúchta chun breathnú ar na cur chuigeanna reatha maidir le bainistíocht sláinte agus sábháilteachta san earnáil mhiondíola, ina gcuimsíonn láimhsiú 44% de na tímpistí agus an leibhéal is airde gortaithe san aoisbhanda 15–19.

Dul i dteagmháil le bainisteoirí sinsearach a bhfuil láithreáin iolracha acu chun réitigh sa chuideachta uile a chinntiú.

TÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA

Leibhéil na gcóras gníomhach bainistíochta sláinte agus sábháilteachta agus measúnuithe priacail ar láimhsiú a bheith bunaithe san earnáil.

Saincheisteanna uile-chuideachta a bheith á n-ardú ag bainisteoir réigiúnach ábhartha an Údaráis le bainisteoirí sinsearach.

Táimid chun:

- 250 iniúchadh a dhéanamh ag díriú ar eagraíochtaí le hasraonta iolracha.
- Beartas agus próisis sláinte agus sábháilteachta cuideachtaí a mheas trí dul i dteagmháil le bainistíocht shinsearach cuideachtaí móra miondíola a bhfuil asraonta iolracha acu.
- Díriú go háirithe, le linn iniúchadh, ar láimhsiú; úsáid forcardaitheoirí; obair ar airde; sábháilteacht iompair feithiclé; sciorthaí, tuislí agus titim; agus daoine óga ag an obair.
- Tuairiscí ar thorthaí iniúchtaí a sholáthar do bhainistíocht shinsearach na cuideachta sa chás go ndéantar iniúchtaí ag asraonta iolracha sa chuideachta sin.

EARNÁIL CHÓIRÍOCHTA AGUS GNÍOMHAÍOCHTAÍ SEIRBHÍSE BIA

CUSPÓIR

An leibhéal idirgníomhaíochta leis an earnáil, mar thoradh ar na hiniúchtaí ar cuireadh tús leo i 2008 a chothabháil; agus tógáil ar an bhfeasacht sláinte agus sábháilteachta a spreag iniúchtaí agus tacaíocht na ngrúpaí leasmhara ionadaíocha. Díreoidh an clár seo ar óstáin, bialanna agus tithe tábhairne.

TÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA

Méadú ar an leibhéal comhlíontachta thar an leibhéal a aithníodh i gclár iniúchta 2008.

Táimid chun:

- 1,000 iniúchadh a dhéanamh san earnáil.
- Comhlíonadh a mheasúnú faoin gclár bainistíochta sláinte agus sábháilteachta.



- Dírú go háirithe, le linn iniúchadh, ar láimhsiú; eolas sláinte agus sábháilteachta a sholáthar i bhformáid intuigthe; gníomhaíocht tógála agus cothabhála; slándáil foirne; agus sciorthaí, tuislí agus titim.
- Comhairle, treoir agus tacaíocht a thabhairt nuair is léir go bhfuil cur chuige ann atá réamhghníomhach agus tiomanta do shláinte agus shábháilteacht.
- Cinntiú go bhfuil comhlíonadh ann sa chás nach bhfuil fianaise ar bith ann nó go bhfuil fianaise theoranta ann ar rialú sásúil ar phriacail aitheanta.
- Idirghníomhú le comhlachtaí leasmhara ionadaíocha chun aird a dhírú ar chúrsaí sláinte agus sábháilteachta ar chúis imní san earnáil iad.

EARNÁIL AN IOMPAIR AGUS NA STÓRALA

CUSPÓIR

Tús a chur le clár iniúchta chun feasacht a spreagadh agus méadú ar an leibhéal comhlíontachta a chinntiú, san earnáil ina raibh an dara ráta básanna ab airde i 2007, go háirithe sa réimse sábháilteachta iompair feithiclí san ionad oibre.

TÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA

Tuiscint ar na saincheistanna ar chúis imní iad maidir le sábháilteacht feithiclí iompair agus leibhéal méadaithe comhlíontachta, in ionaid oibre ina bhfuil fíorchontúirt ó thaobh iompar feithiclí, go háirithe sna réimsí a bhaineann le sábháilteacht feithiclí, láithreáin agus tiománaí agus córais shábháilte oibre.

Táimid chun:

- 250 iniúchadh a dhéanamh san earnáil.
- Comhlíonadh a mheasúnú faoin gclár bainistíochta sláinte agus sábháilteachta.
- Dírú go háirithe, le linn iniúchadh, ar mheasúnuithe priacail ábhartha, cothabháil feithiclí, gluaiseachtaí feithiclí ag an ionad oibre, ualú agus dí-ualú lena n-áirítear bána lastála a úsáid, oiliúint tiománaithe, láimhsiú agus torann.
- Feasacht ar cheist na sábháilteachta iompair feithiclí laistigh den earáil a mheas ag féachaint do na seimineáir a tionóladh i 2008.
- Comhairle, treoir agus tacaíocht a thabhairt nuair is léir go bhfuil cur chuige ann atá réamhghníomhach agus tiomanta do shláinte agus shábháilteacht.
- Cinntiú go bhfuil comhlíonadh ann sa chás nach bhfuil fianaise ar bith ann nó go bhfuil fianaise theoranta ann ar rialú sásúil ar phriacail aitheanta.
- Feidhmíocht earnála fhoriomlán a thuairisciú agus a athbhreithniú.



EARNÁIL NA NGNÍOMHAÍOCHTAÍ AIRGEADAIS AGUS ÁIREACHAIS

CUSPÓIR

An leibhéal idirgníomhaíochta leis an earnáil airgeadais, ar cuireadh tús leis i 2008, a choinneáil agus tógáil ar an bhfeasacht sláinte agus sábháilteachta a spreag iniúchtaí. Cuirfear an clár seo i bhfeidhm ar fud na tíre tar éis an chláir tosaigh de 2008 bunaithe i mBaile Átha Cliath.

TÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA

Méadú ar an leibhéal comhlíontachta agus feasachta thar an leibhéal a aithníodh i gclár iniúchta 2008.

Táimid chun:

- 200 iniúchadh a dhéanamh san earnáil.
- Comhlíonadh a mheasúnú faoin gclár bainistíochta sláinte agus sábháilteachta.
- Díriú go háirithe, le linn iniúchadh, ar mheasúnuithe priacail ar threalamh scaileán taispeána; ar an tuiscint ar strus mar shaincheist earnála, sciorthaí, tuislí agus titim; agus beartas frithbhulaíochta a bheith ann atá ar aon dul leis an gcód cleachtais.
- Comhairle, treoir agus tacaíocht a thabhairt nuair is léir go bhfuil cur chuige ann atá réamhghníomhach agus tiomanta do shláinte agus shábháilteacht.
- Cinntiú go bhfuil comhlíonadh ann sa chás nach bhfuil fianaise ar bith ann nó go bhfuil fianaise teoranta ann ar rialú sásúil ar phriacail aitheanta.

RIARACHÁN POIBLÍ AGUS COSAINT; EARNÁIL NA SLÁNDÁLA SÓISIALAÍ ÉIGEANTAÍ

CUSPÓIR

Cinntiú go gcothaítear an laghdú mór ar leibhéal na comhlíontachta teoranta nó easpa comhlíontachta a tuairiscíodh trí iniúchtaí údaráis áitiúil san ionad oibre ó 2005, agus cinntiú go bhfuil méadú ar leibhéal na comhlíontachta iomláine/leithne.

TÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA

Córais bainistíochta sláinte agus sábháilteachta gníomhach a bheith ann le maoir aitheanta in ionaid oibre údaráis áitiúil.

Táimid chun:

- 200 iniúchadh a dhéanamh san earnáil.
- Comhlíonadh a mheasúnú faoin gclár bainistíochta sláinte agus sábháilteachta.
- Díriú go háirithe, le linn iniúchadh, ar fhreagrachtaí a aithint agus a dháileadh, sábháilteacht feithiclí, láimhsiú ceimiceán, láimhsiú, beartas frithbhulaíochta agus torann.
- Feidhmíocht earnála fhoriomlán a thuairisciú agus a athbhreithniú.



AN EARNÁIL OIDEACHAIS

CUSPÓIR

Tús a chur le sraith iniúchtaí réamhghníomhacha chun an cur chuige maidir le bainistíocht sláinte agus sábháilteachta san earnáil oideachais dara leibhéal a scrúdú agus cé acu an bhfuil beartas frithbhulaíochta ann nó nach bhfuil a chinneadh.

TÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA

Ráitis sábháilteachta agus measúnuithe priacail scríofa sainiúil don scoil agus beartas frithbhulaíochta ar aon dul leis an gCód Cleachtais ar Bhulaíocht a bheith ann.

Táimid chun:

- 200 iniúchadh a dhéanamh in institiúidí dara leibhéal.
- Comhlíonadh a mheasúnú faoin gclár bainistíochta sláinte agus sábháilteachta.

EARNÁIL SHLÁINTE AN DUINE AGUS GNÍOMHAÍOCHTAÍ OIBRE SÓISIALTA

CUSPÓIR

An leibhéal idirghníomhaíochta le hearnáil na seirbhíse sláinte ar cuireadh tús leis i 2007 a chothabháil agus bainistíocht shinsearach laistigh den earnáil a chur ar an eolas faoi thorthaí iniúchtaí an Údaráis maidir le córais bhainistíochta sláinte.

TÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA

Achoimre ar thorthaí idirghníomhaíochtaí an Údaráis le hionaid oibre Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (HSE) ó 2008 i leith, ag sainiúint ábhair inmí ar bith a fhéadfaidh a bheith ann.

Saincheisteanna uile-sheirbhíse a réiteach trí theagmháil le bainistíocht shinsearach HSE seachas teagmháil láithreán ar láithreán.

Táimid chun:

- 200 iniúchadh a dhéanamh san earnáil.
- Comhlíonadh a mheasúnú faoin gclár bainistíochta sláinte agus sábháilteachta.
- Díriú go háirithe, le linn iniúchadh, ar fhreagrachtaí a aithint, ar láimhsiú, foréigean agus ar bheartas frithbhulaíochta a bheith ann.
- An clár iniúchta a choinneáil faoi athbhreithniú agus dul i ngleic le saincheisteanna uile-sheirbhíse go lárnach, i.e. leis an HSE.
- Cinntiú go bhfuil comhlíonadh ann sa chás nach bhfuil fianaise ar bith ann nó go bhfuil fianaise theoranta ann ar rialú sásúil ar phriacail aitheanta.



EARNÁIL EALAÍON, SIAMSAÍOCHTA AGUS ÁINEASA

CUSPÓIR

Tús a chur le sraith iniúchtaí in earnáil na n-ealaíon dírithe ar réimse an stáitsithe agus tógáil stáitse chun feasacht ar cheisteanna sláinte agus sábháilteachta a spreagadh agus an leibhéal comhlíontachta san earnáil seo a mheasúnú.

TÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA

An cur chuige a úsáidtear chun eochairghuaiseacha agus priacail a rialú a aithint agus tagarmharc a bheith ar an leibhéal reatha comhlíontacha.

Táimid chun:

- Fiche iniúchadh a dhéanamh san earnáil seo.
- An cur chuige maidir le measúnú priacail agus an leibhéal comhlíontachta sa bhainistíocht sláinte agus sábháilteachta a scrúdú.

EARNÁLACHA EILE

CUSPÓIR

Lena chinntiú go mbíonn an tÚdarás i láthair in earnálacha eile, cuirfear gníomhaíochtaí ar leith sa chlár do líon an-teoranta iniúchtaí.

TÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA

Iniúchtaí teoranta curtha i gcrích i roinnt sainearnálacha.

Táimid chun:

- Iniúchtaí a dhéanamh amach ón gcósta.
- Iniúchtaí tumadóireachta a dhéanamh.
- Iniúchtaí a dhéanamh ar oibreáin bhitheolaíocha.



CLÁIR IMOIBRÍOCHA

FIOSRÚCHÁIN AR GHEARÁIN AGUS GHORTUITHE

CUSPÓIR

Gearáin agus timpistí tromchúiseacha le haghaidh iniúchadh a chur in ord tosaíochta lena chinntiú go ndéanfar feabhsuithe ar bith a theastaíonn ó bhainistíocht agus rialacháin sláinte agus sábháilteachta in ionad oibre. Sa chás go n-aithnítear sáruithe ar rialacháin, beidh gníomhaíocht forfheidhmithe nó ionchúiseamh mar thoradh air, mar is cuí.

TÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA

Déantar timpistí agus gearáin a fhiosrú agus dúntar iad. Nuair is gá, cuirtear comhaid fiosrúcháin ina bhfuil moltaí isteach ionas go mbreithneofar iad d'ionchúiseamh féideartha.

Táthar ag súil, bunaithe ar an leibhéal coibhneasta gníomhaíochta i 2007, go mbeidh 1,000 iniúchadh ar ionaid oibre chun gearáin a fhiosrú agus 1,000 iniúchadh bhreise a bhaineann le fiosrúcháin ar thimpistí ar siúl i 2009.

FEACHTAIS EARNÁLA

Tá na feachtais earnála seo a leanas beartaithe do 2009:

- Talmhaíocht
- Foirgníocht
- Mianaigh agus cairéil
- Seachtain Sábháilteachta na hEorpa

Cuimsíodh na feachtais seo i ngníomhaíochtaí do na hearnálacha ábhartha thuasluaite, seachas Seachtain Sábháilteachta na hEorpa, a mbeidh a fócas faoi threoir an téama a shaináithnítear ag leibhéal AE.



SLÁINTE CHEIRDE

Anuas ar na saincheisteanna sláinte ceirde atá cuimsithe sna gníomhaíochtaí thuas, rachfar i ngleic le ceist an radóin le linn iniúchtaí ar cheantair inar aithin an Institiúid Éireannach um Chosaint Raideolaíoch ardleibhéal nochta fhéideartha.

CLÁR UM CHOMHAIRLE DLÍ AGUS IONCHÚISEAMH

CUSPÓIRÍ

Soláthar, i gcomhairle le Seirbhísí Dlí Stáit, d'ionchúiseamh cionta sláinte agus sábháilteachta faoi réir prótacal agus nósanna imeachta comhaontaithe.

Comhairle dlí a sholáthar laistigh den Údarás.

TÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA

Déantar comhaid fiosrúcháin a phróiseáil go héifeachtach agus de réir na nósanna imeachta comhaontaithe.

Táimid chun:

Córas ionchúisimh láraithe an Údaráis a bhainistiú de réir na nósanna imeachta comhaontaithe.

- Córas ionchúisimh láraithe an Údaráis a bhainistiú de réir nósanna imeachta comhaontaithe.
- Comhairle Dlí a sholáthar do gach rannóg san Údarás.
- Feidhm fhorfheidhmithe shibhialta an Údaráis agus an dlíthíocht shibhialta go léir atá ar siúl ag an Údarás a bhainistiú agus comhairle a thabhairt uirthi.

CLÁR FORFHEIDHMITHE CEIMICEÁN

FORFHEIDHMIÚ REACH AGUS SLÁINTEACHAIS OIBRE

CUSPÓIR

Monatóireacht a dhéanamh ar ionaid oibre chun comhlíonadh a chinntiú leis an Acht Ceimiceán 2008, An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005 agus na Rialacháin um Oibreáin Cheimiceacha 2001.

TÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA

Straitéis forfheidhmithe an Údaráis ar cheimiceáin curtha i bhfeidhm faoi réir cheanglais an Achta Ceimiceán 2008 agus moltaí Choiste na gCigirí Sinsearacha Saothair an AE agus Fhóram na Gníomhaireachta Eorpaí Ceimiceán.

800 iniúchadh déanta faoin Acht Ceimiceán 2008 agus 200 iniúchadh aispeiste, caoga ceann ar chreathadh agus fiche ceann ar oibreáin bhitheolaíocha curtha i gcrích.



Táimid chun:

- 1,200 iniúchadh a chur i gcrích dírithe ar phróiseáil ceimiceán/ cógaisíochta, leictreonaic, leictreaphlátáil, priontáil, adhmaadóireacht, spréfhéinteáil, eárnálacha mórdhíola agus dáileacháin. Scrúdófar sna hiniúchtaí:
 - Clárú agus réamhchlárú substaintí faoi REACH
 - Cumarsáid ghuaise (bileoga sonraí sábháilteachta agus lipéid ghuaise do substaintí agus ullmhóidí contúirteacha, lena n-áirítear glantaigh)
 - Measúnuithe priacail faoi na Rialacháin um Oibreáin Cheimiceacha 2001 agus cur i bhfeidhm straitéisí ina dhiaidh sin chun priacail a chosc
 - Inniúlacht sláinte agus sábháilteachta a chur ar fáil ar mheasúnuithe priacail ceimiceán san ionad oibre
- Suas le 20 iniúchadh ar oibreáin bhitheolaíocha a dhéanamh ar bhonn gearán.
- 50 iniúchadh a dhéanamh ar chreathadh chun monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh leis na Rialacháin um Fheidhm Ghinearálta 2007 ar chreathadh a rialú ag an obair.
- 200 iniúchadh bunaithe ar aispeist a dhéanamh chun oiliúint oibríthe agus fáil ar shaineolas 'duine inniúil' le haghaidh obair scartála aispeiste a athbhreithniú.

LÁITHREÁIN MHÓRGHUAISEACHA TIMPISTE

CUSPÓIR

Mar an Údarás Inniúil faoi Rialacháin COMAH 2006 ar mhórghuaiseacha timpiste a rialú (Treoir Seveso II), comhlíonadh a chinntiú le ceanglais reachtúla sláinte agus sábháilteachta in ionaid oibre shainithe a léiríonn baol féideartha mórghuaiseacha timpiste.

TÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA

Iniúchadh déanta ar gach láithreán de Rialacháin COMAH 2006 agus gníomhaíochtaí agus bearta leantacha déanta nuair a mheastar go bhfuil gá leo.

Rialacháin COMAH nua agus treoir nuashonraithe foilsithe.

Freagra tugtha ar iarratais phleanála talamhúsáide laistigh den fráma am cúí agus tar éis freastal ar achomhairc éisteachta de réir mar a d'iarr na húdaráis chúí.

Pleanáil talamhúsáide nuashonraithe agus ciantreoir shonraithe foilsithe.

Táimid chun:

- Láithreáin shainithe go léir a iniúchadh faoi Rialacháin COMAH 2006 agus na tuairiscí sábháilteachta atá le cur isteach i 2009 a mheasúnú. Tá thart ar 400 iniúchadh beartaithe, a dhíreoidh chomh maith ar an leibhéal inniúlachta atá ar fáil do hionaid oibre cuimsithe faoi Rialacháin COMAH. Déanfaimid monatóireacht chomh maith le linn na n-iniúchtaí seo ar an leibhéal comhlíontachta leis an Acht Ceimiceán 2008 agus ar na ceanglais chláirúcháin REACH.



- Cinntiú go gcomhlíonann na láithreáin mhórghuaiseacha timpiste 'den tsraith uachtarach' a bhfreagrachtaí maidir le heolas a chur ar fáil don phobal ar na rudaí atá le déanamh i gcás éigeandála ar na láithreáin seo. Déanfaimid athbhreithniú chomh maith ar ár dtreoir foilsithe 'An Ceantar Sonraithe a Leagan Amach' a leagann achar an cheantair amach a chaithear a chur ar an eolas.
- Monatóireacht a dhéanamh ar ullmhacht na n-údarás áitiúil inniúil maidir lena bpleananna éigeandála seachtracha do na láithreáin seo 'den tsraith uachtarach'.
- Comhairle pleanála talamhúsáide a sholáthar d'údaráis phleanála agus don Bhord Pleanála maidir leis na bunaíochtaí mórghuaiseacha timpiste agus forbairtí in aice láimhe. Déanfaimid nuashonrú ar ár dtreoir fhoilsithe faoi phleanáil talamhúsáide d'fhorbairtí maidir le háiseanna stórála do leachtacha inlasta ag féachaint chuig moltaí na Turasacála Buncefield deiridh.
- Obair leis an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta d'fhonn Rialacháin COMAH 2006 a nuashonrú chun an tAcht Ceimiceán 2008 a chomhlíonadh. Éileoidh sé seo freisin go ndéanfar nuashonrú ar threoirlínte Rialacháin COMAH.
- Obair leis An Bord Pleanála chun meabhrán tuisceana a fhorbairt ar chúrsaí pleanála i ndáil le mórghuaiseacha timpiste agus an meabhrán tuisceana reatha leis an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil a nuashonrú.
- Iniúchadh a dhéanamh ar lamairní ola agus córacha amach ón gcósta nach bhfuil clúdaithe faoi Rialacháin COMAH 2006 faoin reachtaíocht infheidhme, agus ar láithreáin ardghuaise fhéideartha eile chomh maith.
- Ár bhfreagrachtaí a chomhlíonadh mar Údarás Inniúil mar a bhaineann siad le forálacha Acht na nArm Ceimiceach.

IOMPAR AGUS STÓRÁIL SUBSTAINTÍ CONTÚIRTEACHA

CUSPÓIR

Reachtaíocht agus treoir a chur i bhfeidhm a bhaineann le hiompar earraí contúirteacha ar bhóthar (ADR), tiománaithe agus comhairleoirí sábháilteachta earraí contúirteacha (DGSA) a scrúdú, agus breoslaí leachtacha a stóráil agus a iompar.

TÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA

1,600 iniúchadh déanta ag seiceálacha bóithre ADR, iostaí DGSA agus stáisiúin pheitрил.

Creatlach forfheidhmithe earraí contúirteacha nua deartha.

Táimid chun:

- 1,600 iniúchadh a dhéanamh do stóráil earraí contúirteacha ag iostaí agus dá n-iompar ar bhóthar, ag tagairt go speisialta d'fháil ar theastasú DGSA agus oiliúint tiománaithe. Áireofar leis an méid seo 1,200 seiceáil bóithre ADR, 250 iniúchadh ar iostaí DGSA agus 150 stóras peitрилiam miondíola agus príobháideacha.
- Obair leis an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta chun athbhreithniú ar an Acht um Substaintí Contúirteacha, 1972 a chur i bhfeidhm i ndáil le bulcstórais pheitрилiam, stórais pheitрилiam mhiondíola agus phríobháideacha agus lamairní ola.



UM CHAIGHDEÁN INIÚCHTA AGUS PRÓISEAS INIÚCHTA

CUSPÓIR

Cinntiú go bhfuil iniúchtaí spriocdhírthe, i gcomhréir, cothrom agus cabhrach.

TÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA

Feidhmiú céimneach déanta ar GeoSmart don fhoireann ar fad.

Lámhleabhar Forfheidhmithe na gCigirí nuashonraithe.

Tar éis freastal ar chruinnithe Choiste na gCigirí Sinsearach Saothair an AE (SLIC).

Táimid chun:

- Leanúint dár bhfreagrachtaí ar SLIC an AE a chomhlíonadh agus páirt a ghlacadh ina fhoghrúpaí ar chur i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm REACH.
- Leanúint de GeoSmart, an córas bainistíochta nua le haghaidh iniúchadh, a chur i bhfeidhm go céimneach, do na cigirí ar fad, clár rialaithe cáilíochta a thabhairt isteach chun a shláine a choinneáil agus modhanna oibre nua a chur i bhfeidhm chun an spriocdhíríú is éifeachtaí agus is éifeachtúla ar acmhainní cigirí a bhaint amach.
- Lámhleabhar forfheidhmithe na gCigirí a fhorbairt chun na ceanglais nua reachtaíochta agus dea-chleachtais a thabhairt san áireamh de réir mar a aithnítear iad i mballstáit ardghníomhaíochta an AE agus trí fhóram SLIC an AE, agus cinntiú go mbeidh sé i gcomhréir leis an gcóras bainistíochta nua le haghaidh iniúchadh, GeoSmart.
- Clár oiliúna ionduchtúcháin nua do chigirí a reáchtáil do na cigirí go léir a earcaíodh i 2009 agus leanúint de scileanna cigirí a bhfuil taithí acu a fhorbairt.



AN RANNÓG UM BEARTAS AGUS SEIRBHÍSÍ CEIMICEÁN

Tá an rannóg seo dírithe ar spriocanna straitéiseacha 1 agus 3 a sheachadadh, chun:

- Feasacht ghinearálta a spreagadh ar shábháilteacht, sláinte agus leas ceirde san ionad oibre.
- Eolas agus treoir shainiúil agus ghinearálta a chur ar fáil go héasca.

RÓL NA RANNÓIGE

Tá sé ar phríomhfheidhmeanna na rannóige feidhmiú mar Údarás Inniúil náisiúnta nó threoir riaracháin do na réimsí seo a leanas de reachtaíocht cheimiceach na hEorpa ar shláinte, sábháilteacht agus an comhshaol:

- Rialúchán REACH
- Rialúchán Glantach
- Substaintí agus Ullmhóidí Contúirteacha a Rangú, a Phacáistiú agus a Lipéadú.
- Treoir maidir le Margaíocht agus Úsáid
- Rialachán um Onnmhairiú agus Allmhairiú Ceimiceán Contúirteach.

Anuas ar sin, tá freagracht riaracháin orainn maidir le:

- Aispeist
- Carcanaiginí
- Oibreáin cheimiceacha
- Oibreáin bhitheolaíocha.

Is iad na príomhspríocanna atá againn ná:

- Tacú leis an Roinn Fiontar Trádála agus Fostaíochta le saineolas teicniúil le linn idirbheartaíochta sa Chomhairle Eorpach.
- Leasanna na hÉireann a chur in iúl ag pléite agus grúpaí teicniúla an AE.
- Páirt a ghlacadh mar shaineolaithe tecniúla agus mar an Údarás Inniúil ag grúpaí oibre agus coistí den Choimisiún Eorpach agus den Ghníomhaireacht Eorpach Ceimiceán.
- Dul i dteagmháil lenár bpáirtithe leasmhara agus custaiméirí trí idirbheartaíocht agus pléite AE ionas go mbeidh tuairimí agus leasanna mhuintir na hÉireann cutha in iúl.
- Tograí reachtaíochta a fhorbairt do threoracha agus rialacháin an AE a chur i bhfeidhm in Éirinn agus an próiseas comhairliúcháin gaolmhar a bhainistiú.
- Cóid chleachtais, treoir agus treoirlínte a fhorbairt.
- Eolas agus feasacht a oiliúint, a chur chun cinn agus a chur ar an eolas.



- Monatóirecht a dhéanamh ar phléite ar theochtaí atá ag teacht chun cinn i gceimiceáin e.g. nanaitheicneolaíocht agus páirt a ghlacadh iontu.
- Páirt i ghlacadh i bhfórim pháirtithe leasmhara agus iad a stiúradh.
- Feidhmiú mar phríomhtheagmhalaí d'eochairpháirtithe leasmhara lena n-áirítear an tionscal cógascheimiceach.
- Comhoibriú le gníomhaireachtaí stáit ábhartha ar réimsí comhleasa.
- Feidhmiú mar phríomhtheagmhalaí don Údarás ar an gCoiste Comhairlech Teicniúil agus Eolaíochta agus grúpaí oibre ad-hoc lena mbaineann.
- Tacú leis an gclár iniúchta ceimiceán trí eolas a sholáthar agus beartas forfheidhmithe feiliúnach a chinneadh.

EOCHAIREARNÁLACHA

Tá ceimiceáin uileláithreach san ionad oibre agus go deimhin sa ghnáthshaol. Úsáideann beagnach gach ionad oibre in Éirinn ceimiceáin de mhéideanna agus castacht éagsúla: idir oibríochtaí simplí cosúil le priontáil agus úsáid tuaslagóirí agus greamachán i gceardlann agus oibríochtaí níos casta a bhaineann úsáid as saincheimiceáin chun táirgí míochaine a dhéanamh.

Léirigh Measúnú 2005 Forfás ar an tionchar ar Éirinn a bheadh ag an mbeartas ceimiceach AE REACH (Ceimiceáin a Chlárú, a Mheasúnú agus a Údarú), a bhí beartaithe an uair sin, gurb é príomhshaintréithe an tionscail cheimicigh in Éirinn ná saoraidí déantúsaíochta úrscothacha a tháirgeann sainearraí ceimiceacha (greamacháin, séaltáin, péinteanna etc.) agus cógasáíochta (comhábhair chógasaíochta ghníomhacha agus táirgí deiridh cosúil le taibléid) le haghaidh easpórtáil. De réir sonraí Eurostat, is in ionannas le 2.9% de tháirgeacht cheimiceach iomlán an AE atá Éire.

Fad agus a fhaightear déantúsaíocht ceimiceán i measc na n-earnálacha thuasluaite don chuid is mó, faightear iompórtáil agus/nó úsáid ceimiceán i ngach earnáil, idir an earnáil feistí / uirlisí liachta agus na hearnálacha earraí crua ICT (trealamh leictreach agus leictreonach), bianna agus deochanna, priontála agus foilsitheoireachta agus earnáil na ngnóthas beag agus meánmhéide (SME).

Tá clár 2009 an Údaráis dírithe ar chuideachtaí a dhéanann, a iompórtálann agus a úsáideann ceimiceáin a chumasú le dul ar aghaidh ag núáil agus ag forbairt agus ag an am céanna ag cinntiú sláinte agus sábháilteacht fostaithe agus cosaint tomhaltóirí agus na timpeallachta.



FREAGRACHTAÍ RIARACHÁIN AGUS ÚDARÁIS INNIÚIL

CUSPÓIRÍ

Feidhmiú mar Údarás Inniúil náisiúnta do raon reachtaíochta ceimicí de chuid an AE atá ceaptha chun sláinte an duine agus an timpeallacht a chosaint.

TÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA

Mar Údarás Inniúil náisiúnta, táimid chun:

- An fheidhm seo a chomhlíonadh maidir le rangú, pacáistiú agus lipéadú substaintí agus ullmhóidí contúirteacha agus an tAcht Ceimiceán 2008.
- Ról an Údaráis Inniúil do reachtaíocht margaíochta agus usáide a chríochnú faoin 31 Bealtaine 2009 agus ullmhú don phróiseas srianta nua a thabhairt isteach faoi REACH ón 1 Meitheamh 2009 ar aghaidh.
- Ceangaltais AE agus náisiúnta a chomhlíonadh maidir leis na Rialacháin um Aispeist, Oibreáin Cheimiceacha, Carcanaiginí agus Oibreáin Bhitheolaíocha.

FORBAIRT AR BHEARTAS AGUS REACHTAÍOCHT CHEIMICEÁN

CUSPÓIR

- Tograí, treoirlínte agus treoir reachtaíochta a fhorbairt chun tacú lenár gclár beartas agus reachtaíochta.

TÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA

- Tugtar reachtaíocht nua AE isteach agus cuirtear i bhfeidhm í laistigh de na framaí ama sonraithe.
- Déantar reachtaíocht nua AE a leasú agus a aisghairm laistigh de na framaí ama sonraithe.

Táimid chun:

- Rialacháin nua um Rangú, Lipéadú agus Pacáistiú (CLP) a thabhairt isteach.
- Leasuithe ar bith ar na Rialúcháin um REACH, Glantach, Onnmhairiú agus Allmhairiú Ceimiceán Contúirteach agus CLP a thabhairt isteach laistigh de raon an Achta Ceimiceán 2008.
- Rialacháin reatha ar rangú, pacáistiú, lipéadú, margaíocht agus úsáid substaintí contúirteacha a aisghairm nó rialacháin eile a chur ina n-ionad.
- Na Rialacháin um Oibreáin Bhitheolaíocha agus treoir agus eolas gaolmhar a leasú agus a nuashonrú.
- Na Rialacháin Aispeiste leasuithe a thabhairt isteach agus treoir a fhoilsiú.



- Treoirlínte a fhoilsiú d'oibrithe aipeiste i gcomhréir le treoirlínte oiliúna an AE.
- An cód cleachtas nuashonraithe d'Oibreáin Cheimiceacha a fhoilsiú lena n-áirítear an tríú liosta táscach d'uasluchana nochta ceirde (OEL).
- Straitéis an Údaráis ar úsáid shábháilte nanachaithníní san ionad oibre a thabhairt isteach agus a chur i bhfeidhm i gcomhar le Forfás agus an Roinn Fiontar Trádála agus Fostaíochta.
- Ionadaíocht a dhéanamh d'Éirinn ag coistí agus foghrúpaí an Choimisiúin Eorpaigh agus ag Coiste Ballstáit den Ghníomhaireacht Eorpach Ceimiceán (ECHA)
- Comhairle agus ionchur sainiúil a chur ar fáil maidir le Measúnú Priacail agus Coistí Socheacnamaíocha agus grúpaí oibre teicniúla ECHA.
- Ionadaíocht a dhéanamh d'Éirinn i ngrúpaí oibre AE ar nochtadh oibreán ceimiceach agus OELanna a leagan síos.

TACAÍOCHT, EOLAS AGUS COMHAIRLE DO PHÁIRTITHE LEASMHARA CEIMICEÁN

CUSPÓIR

Ár spriocanna a bhaint amach maidir le feasacht a spreagadh agus a chur ar an eolas agus monatóireacht a dhéanamh ar threochtaí chun tacú lenár gcustaiméirí agus páirtithe leasmhara ar fad.

TÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA

Eolas agus treoir a ghabhann léi ar fáil ag an am céanna agus atá reachtaíocht á tabhairt isteach agus á nuashonrú.

Eolas ar cheimiceáin atá sainiúil don earnáil á ullmhú agus á sheachadadh do phéire ar a laghad de na hearnálacha atá aitheanta sa suirbhé ar úsáid cheimiceán de 2008.

Táimid chun:

- Tacaíocht leanúnach a sholáthar do pháirtithe leasmhara trí sheimineáir, imeachtaí, treoir agus deasc chabhrach agus suíomh Gréasáin tiomanta ar cheimiceáin.
- Féachaint chuig bealaí nua agus nuálacha a aithint chun feasacht ar cheimiceáin a spreagadh in ionaid oibre na hÉireann.
- Eolas a athbhreithniú agus a phróiseáil a fuarthas ó shuirbhé ar úsáid cheimiceán 2008 ag féachaint chuig eolas a chur in ord tosaíochta agus a dhíriú ar an earnáil SME.
- Dul i gcomhpháirtíocht agus i gcomhairle le grúpaí leasmhara ábhartha, lena n-áirítear an Coiste Comhairlech Teicniúil agus Eolaíochta agus grúpaí ad-hoc ar bith a bunaíodh faoina gcúram.
- Treochtaí agus réimsí taighde atá ag teacht chun cinn ar na tionchair atá ag ceimiceáin ar shláinte agus sábháilteacht cheirde agus ar an timpeallacht a aithint agus monatóireacht a dhéanamh orthu.



[RANNÓG NA SEIRBHÍSÍ COISC]

Tá an rannóg seo dírithe don chuid is mó ar spriocanna straitéiseacha 1, 2 agus 3 a sheachadadh, chun:

- Leibhéal na feasachta ginearálta ar shábháilteacht, sláinte agus leas ceirde san ionad oibre a spreagadh.
- Díriú ar oibrithe agus bainisteoirí na todhchaí trí chultúr sábháilteachta a chothú trí idirghabháil luath agus leantach sna córais oideachais agus oiliúna.
- Eolas agus treoir ábhartha agus shainiúil a chur ar fáil go héasca dóibh siúd a bhainistíonn agus a chuireann sábháilteacht san ionad oibre chun cinn.

RÓL NA RANNÓIGE

Tá an rannóg seo ar thús cadhnaíochta maidir le straitéis do dhrochshláinte agus timpistí a chosc don Údarás le haghaidh ghníomhaíochtaí oibre seachas na cinn a bhaineann le ceimiceáin agus oibreáin bhitheolaíocha. Déanaimid ár ndícheall lena chinntiú go leagann an tÚdarás an clár ceart síos agus go mbaineann sé an chothromaíocht is fearr is féidir amach idir gníomhaíochtaí forfheidhmithe agus coisc. Cuid mhór den obair i ngach earnáil feidhmíochta den Údarás is ea gníomhú coisc. Is é an sproic deiridh atá againn ná ionaid oibre a dhéanamh níos sláintiúla agus sábháilte do gach duine.

Is iad na príomhghníomhaíochtaí atá againn ná:

- Sonraí a anailísiú agus a bhailiú ionas go mbeidh an tÚdarás in ann pleanáil éifeachtach a dhéanamh chun dul i ngleic le saincheistanna in eochairearnálacha, d'eochairghuaiseacha agus trí chláir náisiúnta a réisíonn gach earnáil.
- Tograí reachtaíochta riachtanacha agus comhréireacha a fhorbairt agus an próiseas comhairliúcháin a bhainistiú timpeall tograí den chineál sin.
- Sláinte agus sábháilteacht san ionad oibre a chur chun cinn chun feasacht ghinearálta agus feasacht ar shaincheistanna earnála ar leith a spreagadh.
- Riachtanais oibrithe, fostóirí, mac léinn, an phobail agus sainghrupaí (e.g. daoine nach bhfuil Béarla acu nó daoine a bhfuil riachtanais rochtana ar leith acu) a chur le chéile le treoir, eolas, ceardlanna, ábhair churaclaim agus freagairtí sainiúla do ghearáin faoi shábháilteacht. Bainimid leas as gach cineál cumarsáide le teicneolaíocht tacaíochta do thomhaltóirí den chineál seo a chur ar an eolas, a oiliúint agus a threorú agus a uasghrádú an t-am ar fad.
- Tionscadail agus tionscnaimh speisialta a chur i bhfeidhm i i gcuideachtaí, scoileanna agus institiúidí tríú leibhéal i gcomhar le heagraíochtaí agus dlínsí eile.
- Feidhmiú mar Údarás Inniúil ag leibhéal náisiúnta agus idirnáisiúnta don Treoir maidir le hIompar Earraí Contúirteacha ar Bhóthar (ADR) agus maidir le Brú-Threataimh Iniompair (TPED).



- Córtais náisiúnta a bhainistiú lena n-áirítear garchabhair cheirde agus measúnuithe ADR/TPED.
- Páirt a ghlacadh i gcomhpháirtíochtaí le heagraíochtaí seachtracha ar chlár oibre sláinte agus sábháilteachta náisiúnta agus/nó earnála cosúil leis an gComhpháirtíocht um Shábháilteacht Foirgníochta, Grúpa Tionscail na Foirgníochta (FÁS CIG), Grúpa idirchaidrimh ESB, Choiste Comhairleach na Comhpháirtíochta Sábháilteachta ar an bhFeirm, Teagasc (comhghuaillíocht straitéiseach), Irish Concrete Foundation (comhghuaillíocht straitéiseach nua), An Roinn Oideachais agus Eolaíochta (Comhghrúpa Stiúrtha), Bord Iascaigh Mhara (comhaontú idirchaidrimh), FETAC (caighdeáin agus dámhachtainí náisiúnta).

EOCHAIREARNÁLACHA

Níl leagtar béim sa rannán seo ach ar na hearnálacha sin a bhfuil bearta coisc ar leith pleanáilte dóibh agus dírithe orthu. Roghnaímid na hearnálacha seo bunaithe ar an ngá atá léirithe le hidirghábháil agus an cumas atá againn go leor acmhainní a shannadh chun torthaí a bhaint amach. Leanfar de mhonatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht sábháilteachta earnálacha nach bhfuil san áireamh agus déanfar iniúchadh orthu de réir na gclár atá leagtha amach in áiteanna eile sa doiciméad seo.

EARNÁIL NA TALMHAÍOCHTA, FORAOISEACHTA AGUS IASCAIREACHTA

TALMHAÍOCHT

Léiríonn an Phríomh-Oifig Staidrimh, Teagasc agus HSA treocht aníos ghinearálta sna rátaí gortuithe neamh-mharfacha agus marfacha thar an tréimhse cúig bliana go dtí 2007 a clúdaíodh sa Phlean Gníomhaíochta Sábháilteachta ar an bhFeirm deireanach. Faraoid, tháinig meadú suntasach ar thimpistí marfacha sa chéad leath de 2008.

Tháinig laghdú suntasach ar bhásanna leanaí agus daoine fásta faoi bhun 66 bliain d'aois le linn na tréimhse 2003 go dtí 2007. Anois is ionann básanna feirmeoirí (nó daoine dá dteaghlach) agus beagnach leath na mbásanna ar fad ar fheirmeacha. Baineann an chuid is mó de na timpistí seo le húsáid tarracóirí agus innealra, obair le stoc agus titim ó airde.

Tá rátaí breoiteachta ceirde i bhfad níos airde san earnáil seo, agus is iad láimhsiú, fadhbanna scámhóg, ionfhabhtuithe agus torann na príomhchúiseanna le drochshláinte.

Ní thiocfaidh athrú ar bith ar an gcultúr sábháilteachta míshásúil i dtalmhaíocht agus ní laghdófar gortuithe a thuilleadh gan méadú suntasach ar threoir agus ceannaireacht ó pháirtithe leasmhara móra agus comhlachtaí ionadaíochta san earnáil.



CUSPÓIR

Cur i bhfeidhm an Phlean Gníomhaíochta Sábháilteachta ar an bhFeirm ceithre bliana agus usáid fhorleathan an Chóid Cleachtais Sábháilteachta ar an bhFeirm a chinntiú agus cinntiú go dtéitear in mbun na hoiliúna atá ar fáil.

TÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA

Spríocanna bliantúla Choiste Comhairleach na Comhpháirtíochta Sábháilteachta ar an bhFeirm (FSPAC) a bheith bainte amach.

Táimid chun:

- Tacú le hobair an FSPAC agus cur i bhfeidhm a phlean gníomhaíochta.
- Dúshlán a fhógairt do pháirtithe leasmhara náisiúnta dul i ngleic le droch-chuntas sláinte agus sábháilteachta na hearnála tríd a straitéisí sláinte agus sábháilteachta féin a chur i bhfeidhm.
- Comhdháil Náisiúnta Sábháilteachta ar an bhFeirm a reáchtáil i gcomhar leis an FSPAC dírithe ar dhul i ngleic le saincheisteanna ríthábhachtacha agus feasacht a spreagadh.
- An comhthionsnamh coisctheach idir an Údarás agus Teagasc a chothabháil agus a chur i bhfeidhm.
- Gach deis a úsáid chun freastal ar chúrsaí oiliúna Chód Cleachtais na Talmhaíochta, ar chúrsaí sábháilteachta ar an bhfeirm FETAC agus ar oiliúint scileanna tarracóra do dhaoine óga a spreagadh agus a chur chun cinn.
- Freastal ar an gComórtas Náisiúnta Treabhdóireachta agus ag seó amháin eile ar chúiseanna cur chun cinn, i gcomhar leis an FSPAC.
- Treoirínnte do mharglanna, seamlais, agus monarchana feoil faoi láimhsiú ainmhithe a tháirgeadh agus a chur in iúl chun oibríthe a chosaint.
- Ag obair le dul i gcion ar mheitheal oibre Choiste Comhairleach an AE maidir le treoir neamhcheangailteach ar mheasúnú priacail a ullmhú agus cabhrú le bealaí a athint chun feidhmíocht na hearnála ag leibhéal an AE a fheabhsú.
- Naisc idirnáisiúnta a chothabháil agus a neartú agus eolas agus tionscnaimh a roinnt, go háirithe ar bhonn thuaidh/theas.
- Le linn iniúchtaí béim a leagan ar an ngá le ráiteas scríofa sábháilteachta ar an bhfeirm a bheith ann nó Cód Cleachtais na Talmhaíochta a chomhlíonadh.
- Eolas straitéiseach a thabhairt dár gcigirí chun cabhrú leo inniúchtaí agus feachtais sábháilteachta ar an bhfeirm a dhíriú ar na suíomhanna agus gníomhaíochtaí sin as a n-eascaíonn an baol níos mó, e.g. suíomhanna i gcontaetha na teorann agus feirmeoirí níos sine.
- Tacú le gníomhú forfheidhmithe láidir do neamhchomhlíonadh maidir le ráiteas sábháilteachta/cód cleachtais, cothabháil innealra agus cosaint.



FORAOISEACHT

Le blianta beaga anuas léiríodh dea-fheidhmíocht sláinte agus sábháilteachta laistigh den earnáil eacnamaíoch measartha beag seo. Bhí páirt mhór le himirt ag úsáid innealra foraoiseachta forbartha agus cur i bhfeidhm Chód Cleachtais na Foraoiseachta ó thaobh an fheidhmíocht seo a bhaint amach.

CUSPÓIR

Cur i bhfeidhm Chód Cleachtais na Foraoiseachta a bhaint amach.

TÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA

Fáil ar an gcód cleachtais ar raon bealaí, ina measc, ioslódálacha, promóisean ar an nGreásán agus páirtithe leasmhara.

Fianaise gur cuireadh an cód i bhfeidhm san earnáil.

Táimid chun:

- Obair le heochairpháirtithe leasmhara chun cur i bhfeidhm Chód Cleachtais na Foraoiseachta leasaithe a chinntiú.
- Monatóireacht a dhéanamh ar athruithe san earnáil chun tosca priacail nua ar bith atá ag teacht chun cinn a aithint agus chun dul i ngleic leo.
- Dúshlán a fhorbairt do pháirtithe leasmhara náisiúnta priacail sláinte laistigh den earnáil a aithint agus dul i ngleic leo, go háirithe maidir le torann agus creathadh.

IASCAIREACHT

Tá lucht oibre de thart ar 6,000 duine ag an earnáil iarscaireachta mara agus tá ráta básanna agus timpistí díréireach ard aici. Ar an meán, bíonn thart ar cheithre nó cúig timpiste mharfacha gach bliain san earnáil seo; baineann básanna iolracha le han-chuid díobh nuair a chailltear bád ar an bhfarraige. Roinntear freagracht as cur i bhfeidhm idir an Údarás agus an Roinn Iompair, atá freagrach as rialacháin AE do bháid nua (15 méadar nó níos mó) agus báid arb ann dóibh cheana (18 méadar nó níos mó) a chur i bhfeidhm.

CUSPÓIR

Feidhmiú an Chóid Cleachtais do Bháid Iascaireachta a fhoilsiú agus a chur chun cinn.

TÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA

Fáil ar an gcód cleachtas agus é á úsáid go forleathan san earnáil.

Táimid chun:

- Bualadh agus dul i gcomhairle, i gcomhar le Bord Iascaigh Mhara (BIM), leo siúd atá fostaithe in iascaireacht ag leibhéal áitiúil lena chinntiú go bhfuil an cód cleachtais nua praiticiúil agus go bhfreastalaíonn sé dá riachtanais.



- Dul i gcomhairle le páirtithe leasmhara ábhartha, lena n-áirítear an Roinn Iompair maidir leis an Dréachtchód.
- An cód cleachtais agus oiliúint ghaolmhar a sheoladh agus obair le BIM lena chinntiú go dtugann an oiliúint athdheartha aird ar an gcód.

EARNÁIL NA MIANADÓIREACHTA AGUS CAIRÉALACHTA (AGUS EARNÁLACHA A ÚSÁIDEANN PLÉASCÁIN)

Is é an ráta básanna trí bliana don earnáil seo ná 26 bás in aghaidh gach 100,000 oibrí, níos lú ná an earnáil iascaireachta amháin agus i bhfad níos airde ná earnálacha ardphriacail eile. Is i gcairéalacht atá formhór na mbásanna seo. Go dtí le déanaí níor maraíodh éinne le cúig bliana déag i mianadóireacht faoin talamh. Ach, is cúis imní é go raibh dhá theagmhas mharfacha faoin talamh le trí bliana anuas. Beidh ar an earnáil ról gníomhach ar thús cadhnaíochta a ghlacadh ó thaobh mórghuaiseacha a bhainistiú.

Níl soláthar ar bith déanta nó is beag soláthair atá déanta ag an gcuid is mó d'oibreoirí cairéal do bhainistíocht saincheisteanna sláinte ceirde, cé gur saincheisteanna suntasacha iad torann agus an poitéinseal do ghalar riospráide i gcás go leor cairéal.

CUSPÓIR

Tacú le húsáid Rialacháin na gCairéal agus treoir nua trí bhearta promóisin agus múscailt feasachta.

TÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA

Fáil ar eolas agus treoir ar Rialacháin na gCairéal ar fáil ar bhealaí éagsúla, ina measc, seimineáir, cóipeanna crua, íoslódálacha, promóisean ar an nGréasáin agus páirtithe leasmhara agus comhghuaillíochtaí ríthábhachtacha.

Táimid chun:

- Feasacht náisiúnta a spreagadh maidir le ceanglais nua Rialacháin agus treoir na gCairéal trí choiste ad-hoc na gcairéal agus an Coiste Stiúrtha Sábháilteachta i gCairéil.
- Tacú le hobair an Choiste Stiúrtha Sábháilteachta i gCairéil maidir leis an Seimineár Náisiúnta ar Shábháilteacht i gCairéil a réachtáil agus cur chuigeanna dea-chleachtais a fhorbairt.
- Comhghuaillíocht straitéiseach a úsáid leis an Irish Concrete Federation mar bhealach chun treoir bhreise a fhorbairt don earnáil agus tionscnaimh ábhartha eile a chur i gcrích.
- Bileoga eolais, treoirleabhair dea-chleachtais agus eolas simplí d'oibríthe a fhorbairt agus a scaipeadh i gcomhar le páirtithe leasmhara sa tionscal.
- Tacú le FÁS maidir le rannpháirtíocht in oiliúint Scileanna Teastais Sábháilteachta i gCairéil laistigh den earnáil chairéalachta a fhorbairt agus a bhaint amach.



- Clár cigireachta a fhorbairt chun comhlíonadh le Rialacháin na gCairéal nua a mheasúnú maidir le ráitis sábháilteachta leasaithe, rialacha iompair agus rialacha séidte pléascáin a fhorbairt. Díreofar ar chuideachtaí agus oibreoirí beaga neamhchomhlíontachta d'iniúchadh agus gníomhú forfheidhmithe láidir más ann do neamhchomhlíonadh le saincheisteanna tábhachtacha.
- Naisc idirnáisiúnta a chothabháil agus a neartú agus eolas agus tionscnaimh a roinnt, go háirithe ar bhonn thuaidh/theas.
- Tacú leis an gcomhoibriú a bunaíodh idir oibríochtaí mianadóireachta sa réimse a bhaineann le planáil éigeandála agus comórtais bhliantúla tarrthála mianach a reáchtáil.
- Comhdhlúthú na Rialacháin Mianadóireachta a thabhairt chun críche.
- Dul ar aghaidh ag cabhrú leis an athbhreithniú ar reachtaíocht phléascán i gcomhar leis an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí.

EARNÁIL SOLÁTHAIR LEICTREACHAIS, GÁIS, GAILE AGUS AERCHÓIRITHE

Beagnach gach bliain bíonn básanna ann mar thoradh ar theagmháil le línte cumhachta lastuas agus gortuithe nó cur isteach ann mar thoradh ar dhamáiste do sheirbhísí faoin talamh.

CUSPÓIR

Tacú le húsáid na gCód Cleachtas nua ar Sheirbhísí faoin Talamh agus Línte Cumhachta Lastuas agus iad a scaipeadh.

TÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA

Úsáid leathan agus fáil ar chóid chleachtas sa tionscal ar bhealaí éagsúla, ina measc, íoslódálacha agus promóisean ar an nGréasáin agus trí na comhpháirtithe sóisialta cosúil le ESB Networks, Bord Gáis agus an Irish Liquefied Petroleum Gas Association.

Táimid chun:

- Na cóid chleachtas nua a bhaineann le línte leictreachais lastuas agus seirbhísí faoin talamh a chur chun cinn.
- Le linn iniúchtaí foirgníochta, scagadh a dhéanamh ar an méid agus atá bearta sásúla á nglacadh chun teagmháil le seirbhísí leictreachais a chosc.
- Bileoga eolais a sholáthar ar ghuaiseacha a thagann ó theagmháil le píobánra gás peitriúil leachtaithe agus nádúrtha faoin talamh le linn tochair.
- Dul ar aghaidh ag cabhrú leis an Údarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann trí rannpháirtíocht sa Choiste Teicniúil Caighdeáin Gáis.



AN EARNÁIL FOIRGNÍOCHTA

Ó 2007 i leith tá athruithe suntasacha tar éis teacht ar an tionscal foirgníochta, agus tugadh na heochairtháscairí seo a leanas faoi deara:

- Tá laghdú 50% ar líon na dtithe a tógadh agus a críochnaíodh.
- Tá laghdú de thart ar 15% tar éis teacht ar fhostaíocht sa tionscal.
- Tá 17% den lucht oibre rangaithe mar náisiúnaigh neamhÉireannacha.
- Táthar ag súil go leanfaidh móroibreacha bonneagair ar aghaidh le mórchlár tógála bóithre agus tionscadal metro agus LUAS faoi lánseol cheana féin.

Cé go bhfuil meath uirthi faoi láthair, tá foirgníocht ar na hearnálacha fostaíochta is mó agus is mar sin a bheidh sí i gcónaí agus tabharfar tús áite fós d'obair an Údaráis di.


Tá fianaise ag an Údarás go raibh a fheachtais, treoir agus gníomhaíocht forfheidhmithe spriocdhírithé thar an deich mbliana atá thart éifeactach agus gur chuir siad, i gcomhar le heochairpháirtithe leasmhara an tionscail sa Chomhpháirtíocht um Shábháilteacht Foirgníochta (CSP), leis an laghdú suntasach ar ráta na ngortuithe agus básanna i bhfoirgníocht ó 2001 i leith (féach Figiúr 1).

Fad agus atá laghdú ag teacht ar an ráta básanna, tá líon na mbásanna san ionad oibre fós do-ghlactha ard: trí cinn déag i 2006, ocht gcinn déag i 2007 agus aon cheann déag i 2008 i lár na bliana. Léiríonn sonraí an Údaráis do 2007 dhá shaincheist ríthábhachtacha a gcaithfear tabhairt fúthu:

- Tháinig méadú ar thimpistí a bhain le feithiclí agus gléasra i bhfoirgníocht agus tá baint acu le hardleibhéil ghortuithe troma agus ghortuithe marfacha d'oibrithe.
- Tá drochleibhéil chomhlíontachta fós ag 48% de na láithreáin tógála.

Agus méadú mór tagtha ar mhórfhorbairtí bonneagair agus laghdú tagtha ar thionscadail tógála tí, aithnítear gluaiseachtaí agus cothabháil gléasra mar chontúirt mhór agus beidh cigirí comhlíontachta an Údaráis ag díriú go háirithe orthu. Leanfar freisin de dhul i ngleic go gníomhach le titim ó airde agus leanfaidh tionscnaimh ar leith ar aghaidh cosúil le treoir chúí agus cód cleachtais a fhorbairt chun an ráta titime ó airde a laghdú.

Figiúr 1. Ráta Básanna Oibrithe Foirgníochta



CUSPÓIR

Raon leathan tionscnamh a chur i bhfeidhm, i gcomhar le heochairpháirtithe leasmhara, an CSP ina measc, a bhfuil sé mar aidhm acu an ráta foriomlán gortuithe, drochshláinte agus básanna san earnáil a laghdú.

TÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA

Tionscnaimh bheartaithe a chur i bhfeidhm.

Tacaíocht i bhfad níos fearr tugtha do chonraitheoirí beaga, agus fianaise ann ar fhreagairt agus tionchar dearfach.

Táimid chun:

- Leanúint orainn d'fheasacht ar shláinte agus sábháilteacht a chothú, a spreagadh agus a chur ar aghaidh go himheánach agus go seachtrach sa tionscal foirgníochta.
- Dul ar aghaidh ag obair le Cónaidhm Thionscal na Foirgníochta, Comhdháil na gCeardchumann, an Bord Seirbhísí Bainistíochta Rialtais Áitiúil agus na baill go léir den CSP ag leibhéal náisiúnta chun ionaid oibre agus cultúr sábháilteachta feabhsaithe a chur chun cinn agus a chothú.
- Díriú ar riachtanais sláinte agus sábháilteachta an chonraitheora bhig.
- Tuilleadh pleananna do chóras sábháilte oibre a fhorbairt, chun cabhrú le gach conraitheoir ach go háirithe an leis an gconraitheoir beag.
- Cinntiú go gcuimseofar cúrsaí sábháilteachta sna próisis tairsceana agus soláthair (ag cuimhneamh go bhfuil an Roinn Airgeadais freagrach as soláthar poiblí ó thaobh beartais de).
- Leanúint ar aghaidh ag dul i dteagmháil le FÁS agus leis na páirtithe leasmhara náisiúnta ábhartha go léir maidir le hoiliúint ar an láthair a chur chun cinn agus riachtanais oiliúna don tionscal amach anseo a shainiú. Tacóidh an tÚdarás freisin le forbairt na gclár um Scéim Teastasaithe Scileanna Foirgníochta (CSCS) agus Pas Sábháilte agus leanfaidh siad orthu tionchar a bheith acu orthu mar thoradh ar an tuairisc nua ag Claritas a rinne FÁS i gcomhar leis an HSA.
- Naisc oibre níos dlúithe a bhunú le Feidhmeannas Sláinte agus Sábháilteachta Thuaisceart Éireann chun tionscnaimh trasteorann maidir le sláinte agus sábháilteacht foirgníochta a chur chun cinn.
- Seimineáir a reáchtáil ar fud na tíre chun feasacht a spreagadh agus a chur ar an eolas i measc maoir foirgníochta ar thionscnaimh nua an Údaráis, lena n-áirítear an Cód Cleachtais do Scafalra Rochtana agus Oibre, Cód Cleachtais do Chonraitheoirí le Triúr Fostaithe nó níos Lú agus leasuithe ar na Rialacháin Foirgníochta a bhaineann le hoiliúint CSCS agus treoir faoi obair ar bhóithre.
- Treoirilíní a fhoilsiú do dheachleachtas cliant maidir le foirgníocht.
- An Cód Cleachtais do Chonraitheoirí le Triúr Fostaithe nó Níos Lú a fhorbairt tuilleadh chun obair ar bhóithre a chuimsiú.
- Comhairliúchán poiblí ar an gCód Cleachtais ar an Úsáid Shábháilte de Choincréit Réamhtheilgthe a stiúradh.
- Leanúint d'obair forbartha ar an gCód Cleachtais do Dhíonadóireacht.



NA DUGAÍ

D'fhéadfadh dugáí a bheith contúirteach mar thimpeallacht mura bhfuil sláinte agus sábháilteacht bainistithe go héifeachtach agus go feiliúnach. Sna hocht mbliana atá thart, maraíodh ochtar agus iad ag obair i nDugáí Éireannacha. Anuas ar sin, tuairiscítear a lán timpistí agus gortuithe neamh-mharfacha don Údarás gach bliain. I measc na gcúiseanna le timpistí a bhaineann le dugáí tá sciorthaí, tuislí agus titim; daoine a bheith buailte ag rudaí; agus gortuithe matánchnámharlaigh.

CUSPÓIR

Chun athbhreithniú a dhéanamh ar thograí agus treoirlínte reachtaíochta do dhugáí agus iad a fhorbairt nuair is cuí.

TÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA

Athbhreithniú déanta ar reachtaíocht agus togra forbartha mar is cuí.

Táimid chun:

- Tograí rialúcháin a athbhreithniú agus a fhorbairt, nuair is cuí, faoin Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005 i gcomhair Dugáí.
- Treoirlínte a fhorbairt chun tacú le tograí reachtaíochta nua ar bith i gcomhair dugáí.
- Bileoga eolais a fhoilsiú a phléann saincheisteanna coitianta a fhaightear i ndáil le dugáí.
- Tograí reachtaíochta do thomadóireacht ag an obair agus cóid chleachtais ghaolmhara a thabhairt chun críche.

EARNÁIL TRÁDÁLA MÓRDHÍOLA AGUS MIONDÍOLA, DEISIÚCHÁIN MÓTARFHEITHICLÍ AGUS GLUAISROTHAR

Tá an earnáil mhiondíola an-leathan agus is iomaí fochatagóirí miondíola atá ann inar féidir priacail áirithe a bheith an-éagsúil óna chéile, e.g. is mór an difear idir na priacail a bheadh ag cógaslann agus eisceadúnas, nó ag nuachtánaí agus siopa leictreachais.

Tá comhréir na dtimpistí mar thoradh ar láimhsiú an-ard ar fad san earnáil seo. Áirítear ar na gortuithe a bhaineann le láimhsiú, gortuithe don droim agus gortuithe eile de chineál matánchnámharlaigh. Is é an dara cúis is mó le timpistí ná sciorthaí, tuislí agus titim. Bíonn an earnáil mhiondíola agus mhórdhíola thíos freisin le comhréir ard teagmhas a bhaineann le feistí soghluaiste láimhsithe cosúil le baraí agus trucaílí pailléide, agus nithe agus pacáistiú in áiteanna stórála.

CUSPÓIR

Bileoga eolais ar ghuaiseacha ardphriacail san earnáil a tháirgeadh.



TÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA

Bileoga eolais ar fáil ar an nGréasán agus arna gcur chun cinn trí eochairpháirtithe leasmhara.

Táimid chun:

- Bileoga eolais a fhorbairt a phléann saincheistanna coitianta agus le haghaidh guaiseacha ardphriacail a fhaightear san earnáil mhiondíola.
- Obair go gníomhach le heochairpháirtithe leasmhara chun ionaid oibre níos sábháilte agus cultúr sábháilteachta níos fearr a chur chun cinn agus a chothú san earnáil.

EARNÁIL CHÓIRÍOCHTA AGUS GNÍOMHAÍOCHTAÍ SEIRBHÍSE BIA

Cuimsíonn an earnáil seo óstáin agus ionaid fóillíochta ghaolmhara, bialanna, caiféanna, beáir agus clubanna oíche. I measc na nguaiseacha féideartha a bhaineann leis an earnáil tá láimhsiú; sciorthaí, tuislí agus titim; tine; torann; innealra; agus foréigean. Táirgeadh bileoga sábháilteachta simplí don earnáil agus le déanaí dréachtaíodh nótaí níos sonraithe ar innealraí áirithe.

CUSPÓIR

Foireann uirlisí chuimiseach a tháirgeadh don earnáil.

TÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA

Fáil ar an bhfoireann uirlisí agus í húsáid sa tionscal ar bhealaí éagsúla, lena n-áirítear seimineáir, íoslódálacha, promóisean ar an nGréasán agus eochairpháirtithe leasmhara.

Táimid chun:

- Foireann uirlisí measúnuithe priacail a tháirgeadh.
- An fhoireann uirlisí a chur chun cinn chun feachtas i measc fostóirí agus fostaithe a spreagadh agus a chur ar an eolas ar na guaiseacha agus bearta rialúcháin is gá chun ionaid oibre níos sábháilte a sholáthar.

EARNÁIL AN IOMPAIR AGUS NA STÓRALA

Gach bliain maraítear líon suntasach daoine in Éirinn nó gortaítear go dona iad i dtimpistí a bhaineann le feithiclí iompair san ionad oibre. Ó 2003 i leith, is ionann básanna a bhaineann le hiompar agus 45% ar an meán de na básanna go léir san ionad oibre. Anuas ar sin, tarlaíonn thart ar 1,000 gortú sa bhliain nach mbíonn daoine ag obair ar feadh breis agus trí lá mar gheall orthu mar thoradh ar thimpistí i ndáil le hiompar.

Is iad na ceithre chineál timpistí iompair marfacha is coitianta san ionad oibre ná:

- Bheith buailte ag feithicil nó feithicil dul ina mhullach.
- Titim ó fheithicil e.g. titim ag dul suas ar an bhfeithicil nó ag teacht anuas aisti.
- Rudaí ag titim ó fheithicil ar dhaoine, e.g. daoine buailte nó plúchta ag ualach.
- Feithicil ag iompú droim ar ais.



Choimisiúnaigh an tÚdarás anailís chríochnúil i 2008 ar shaincheisteanna sláinte agus sábháilteachta san earnáil seo chun spriocanna a chinneadh agus tosaíochtaí do bhearta a mheasúnú, thar thréimhse cúig bliana, chun feabhsuithe sonraithe ar fheidhmíocht sláinte agus sábháilteachta na hearnála a bhaint amach. Áirítear leis an bPlean Iompair san Ionad Oibre a leanann as:

- Próifíl chruinn, bheacht thionsclaíoch/eacnamaíoch ar an earnáil.
- Tuairisc ar fheidhmíocht sláinte agus sábháilteachta san earnáil.
- Tosaíochtaí don earnáil bunaithe ar an bpróifíl.
- Cuspóirí bunaithe ar na tosaíochtaí d'fheidhmíocht sláinte agus sábháilteachta san earnáil.
- Bearta chun na cuspóirí seo a bhaint amach.
- Mheicníochtaí athbheithnithe agus measúnaithe don chlár.

CUSPÓIR

Cuspóirí Bliain 1 den Plean Iompair san Ionad Oibre cúig bliana a chur i bhfeidhm.

TÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA

Plean Iompair san Ionad oibre curtha i bhfeidhm.

Aischothú dearfach tosaigh ar thionchar na mbeart.

Táimid chun:

- Cuspóirí agus bearta an Plean Iompair san Ionad Oibre a chur i bhfeidhm, a dhéoidh sa chéad bhliain ar eolas ríthábhactach a chur ar fáil d'fhostaithe, d'fhostóirí, agus do dhaoine eile chun timpistí a bhfuil baint acu le feithiclí oibre a laghdú.
- Béim a leagan ar na téamaí seo a leanas:
 - Cleachtais bhainistíochta sábháilteachta d'iompar san ionad oibre.
 - Ualú agus Dí-ualú
 - Daingniú Ualaigh
 - Titim ó fheithiclí a chosc
 - Timpistí i dtaobh feithiclí ag cúlú a chosc.
- Treoir agus bileoga eolais a dhéileálann le saincheisteanna coitianta a fhaightear i ngach ionad oibre a fhorbairt, in éineacht le forlíonta tacaíochta earnála mar is gá.
- Obair go gníomhach le heochairpháirtithe leasmhara chun ionaid oibre níos sábháilte agus cultúr sábháilteachta níos fearr a chur chun cinn agus a chothú san earnáil.
- Cúnamh a thabhairt do chigirí comhlíontachta agus tacú leo go gníomhach.



IOMPAR EARRAÍ CONTÚIRTEACHA AGUS BRÚ-THREALAIMH INIOMPAIR

Is é an tÚdarás an tÚdarás Inniúil maidir leis na Rialacháin um Iompar Earraí Contúirteacha ar Bhóthar (ADR) agus um Brú-Threalaimh Iompair (TPED).

CUSPÓIR

Ionchur cuí a dhréachtú, mar a aontaíodh leis an Roinn Fiontar Trádála agus Fostaíochta, maidir le cur i bhfeidhm ADR 2009 a léireoidh athruithe i dtaobh le brú-threalaimh iniompair chomh maith.

TÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA

Acht agus rialacháin curtha i bhfeidhm.

Táimid chun:

- Tograí a fhorbairt maidir le hAcht agus rialacháin nua um Iompar Earraí Contúirteacha ar Bhóthar ag léiriú ADR 2009, a léireoidh athruithe maidir le brú-trealamh iniompair chomh maith.
- Leanúint de mhaoirseacht a dhéanamh ar thiománaithe earraí contúirteacha agus comhairleoirí sábháilteachta i gcomhar leis an Institiúid Chairte Loighistice agus Iompair in Éirinn.
- Ceaduithe Údaráis Inniúil a eisiúint mar is gá maidir leis na Rialacháin TPED.
- Iarratais a phróiseáil do chomhlachtaí iniúchta.
- Feidhmeanna a chomhlíonadh faoi na Rialacháin um Shubstaintí Contúirteacha (Stórais Pheitriiliam Mhiondíola agus Phríobháideacha) 1979 agus cabhrú leis an athbhreithniú ar na hAchtanna um Shubstaintí Contúirteacha agus rialacháin ghaolmhara. Feidhmeoimid freisin mar an gcomhlacht achomhairc do stórais mhiondíola agus príobháideacha pheitriiliam a cheadúnú.
- Dul i gcompháirtíocht leis na húdaráis inniúla i mballstáit eile an AE agus in áiteanna eile chun cur chuige comhtháite agus comhsheasmhach a fhorbairt maidir le cur i bhfeidhm agus forfheidhmiú ADR agus TPED.



EARNÁIL SHLÁINTE AN DUINE AGUS GNÍOMHAÍOCHTAÍ OIBRE SÓISIALTA

CUSPÓIR

Plean cúig bliana a ullmhú chun feidhmíocht sláinte agus sábháilteachta don earnáil a fheabhsú.

TÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA

Tús curtha le cur i bhfeidhm chuspóirí agus bhearta Bhliain 1 den Phlean Seirbhísí Sláinte cúig bliana. Eochairpháirtithe leasmhara sainaitheanta mar chomhpháirtithe comhaontaithe.

Táimid chun:

- Anailís chríochnúil a choimisiúnú ar shaincheisteanna sláinte agus sábháilteachta san earnáil seirbhíse sláinte chun spriocanna a chinneadh agus tosaíochtaí do bhearta a mheasúnú, thar thréimhse cúig bliana, chun feabhsuithe sonraithe ar fheidhmíocht sláinte agus sábháilteachta na hearnála a bhaint amach.
- Bioleoga eolais agus treoir ábhartha a fhorbairt a phléann bainistíocht sábháilteachta san earnáil sláinte.
- Bioleoga eolais agus treoir ábhartha a fhorbairt a phléann saincheisteanna sábháilteachta a fhaightear in ionaid oibre sa tseirbhís sláinte.
- Obair go gníomhach le heochairpháirtithe leasmhara chun ionaid oibre níos sábháilte agus cultúr sábháilteachta níos fearr a chur chun cinn agus a chothú san earnáil.

AN EARNÁIL OIDEACHAIS

Tá dhá chúis ag an Údarás le leanúint de thús áite a thabhairt do ghníomhaíocht choisc san earnáil oideachais. Ar an gcéad dul síos, is fostóir eárnála poiblí suntasach é agus beagnach 140,000 duine fostaithe aige thar an earnáil go náisiúnta. Ar an dara dul síos, tá na daoine sin atá fostaithe san earnáil oideachais ar cheann de na príomhthionchair ar an lucht oibre amach anseo agus de bhrí sin dírfód orthu mar an príomhghléas seolta d'oideachas priacail a eáscú d'oibríthe arb ann dóibh anois agus oibríthe amach anseo.

CUSPÓIR

Bainistíocht sláinte agus sábháilteachta a fheabhsú in iar-bhunscoileanna ar fud na hÉireann trí chóras bainistíochta sláinte agus sábháilteachta a chur i bhfeidhm i scoileanna i gcomhar leis an Roinn Oideachais agus Eolaíochta (DES) agus comhpháirtithe eile.

TÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA

Ardléibhéil spéise agus rannpháirtíochta sa chóras ó thaobh na n-iar-bhunscoileanna.

Táimid chun:

- An córas bainistíochta sláinte agus sábháilteachta d'iar-bhunscoileanna a fheidmiú go céimneach ar bhonn náisiúnta le tacaíocht na DES.



- Clár a chur i bhfeidhm chun feasacht a mhúscailt dírithe ar úsáideoirí deiridh an chórais agus béim á leagan ar na buntáistí atá aige chun rannpháirtíocht a spreagadh.
- Tacaíochtaí agus córais fheiliúnacha a fhorbairt chun cabhrú le bainisteoirí scoile, múinteoirí agus daoine eile laistigh den chóras scoile an córas a chur i bhfeidhm, i gcomhar leis na comhpháirtithe oideachais agus leis an DES.
- Monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar an gcóras de réir mar a chuirtear i bhfeidhm i scoileanna é le linn na bliana ag féachaint chuig é a fheabhsú gach bliain acadúil.
- Earraí teagaisc ríomhfhoghlamtha a fhorbairt ar bhainistíocht sábháilteachta do mhúinteoirí eolaíochta, múinteoirí teicneolaíochta agus bainisteoirí scoile/oifigigh shábháilteachta chun leibhéal oiliúna reatha do mhúinteoirí a fheabhsú agus a chomhlánú. Beidh na hearraí teagaisc ar fáil go neamhspleách chomh maith lena bheith comhtháite laistigh de struchtúir oiliúna reatha arna soláthar ag an DES.
- Leanúint de chlár oiliúna ghearra a sholáthar trí ríomhfhoghlaim agus/nó teagasc aghaidh ar aghaidh do na cúrsaí samhraidh do mhúinteoirí bunscoile agus cúrsaí tráthnóna inseirbhíse do mhúinteoirí iar-bhunscoile.
- Scagadh a dhéanamh ar na deiseanna creidiúnú a fháil do chúrsaí oiliúna mar is cuí.

EOCHAIRGHUAISEACHA

Ní phléann an rannán seo ach na guaiseacha suntasacha sin a bhfuil tús áite tugtha dóibh le haghaidh bearta coisc i 2009.

SCIORRTHAÍ, TUISLÍ AGUS TITIM (STF)

Is iad teagmhais STF fós an dara foinse timpistí is coitianta. Soláthraíodh treoir Ghréasáin agus sainaitníodh tosca STF do chlár iniúchta na seirbhísí airgeadais 2008, a leanfar leis i 2009.

CUSPÓIR

Treoir spriocdhírthe a sholáthar ar STF do na hearnálacha miondíola, lonadóireachta agus seirbhísí airgeadais.

TÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA

Treoir ar fáil agus á húsáid sna hearnálacha spriocdhírthe ar bhealaí éagsúla, lena n-áirítear íoslódálacha, promóisean ar an nGréasán agus eochairpháirtithe leasmhara.

Táimid chun:

- Treoir spriocdhírthe a sholáthar agus a fhorbairt ar STF do na hearnálacha miondíola, lonadóireachta agus seirbhísí airgeadais.
- Cúnamh a thabhairt do chigirí comhlíontachta agus tacú leo go gníomhach.



INNEALRA AGUS TREALAMH

Síníodh ríaclacháin nua chun dul in áit SI 518 de 2001 de 2001 i 2008 chun feidhm a thabhairt do Threoir 2006/42/CE ar innealra, atá le cur i bhfeidhm ón 29 Nollaig 2009. Tá treoir mhionsonraithe á táirgeadh ag an gCoimisiún Eopach ar an treoir nua chomh maith.

CUSPÓIR

Feasacht a spreagadh ar na ceanglais atá sna Rialacháin Innealra

TÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA

Go bhfuil treoir ar fáil agus á húsáid sa tionscal ar bhealaí éagsúla, lena n-áirítear íoslódálacha, promóisean ar an nGréasán agus eochairpháirtithe leasmhara.

Táimid chun:

- Dul i dteagmháil leis an NCA agus leis an Roinn Fiontar Trádála agus Fostaíochta maidir le: dreachadh cúraimí an Údaráis agus an NCA faoi na Rialacháin forfheidhmithe. Seimineáir agus poiblíocht a eagrú sula dtabharfar isteach na rialacháin nua.
- Tacú le cigirí comhlíontachta maidir le feasacht a spreagadh ar na ceanglais faoi na rialacháin nua.
- Coimhoibriú le stáit eile trí pháirt a ghlacadh sna cruinnithe coiste ábhartha de chuid an AE.

OIBREÁIN FHSICIÚLA

Tar éis seoladh an Chóid Cleachtais ar Thorann sa Tionscal Siamsaíochta i 2008, soláthróimid treoir do chigirí maidir le feidhmiú an chóid a chur chun cinn i 2009.

CUSPÓIR

Feasacht ar an gcód cleachtais nua a spreagadh.

TÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA

Fáil ar threoir agus í á húsáid sna hearnálacha ar bhealaí éagsúla, lena n-áirítear íoslódálacha, promóisean ar an nGréasán agus eochairpháirtithe leasmhara.

Táimid chun:

- Tograí a fhorbairt do dhréachtrialacháin agus treoir chun Treoir 2006/25/CE ar radaíocht optúil a chur i bhfeidhm ionas go mbeidh na socrúithe is gá ann roimh dheireadh Aibreáin 2010.
- Treoir a sholáthar do chigirí maidir le feidhmiú an chóid a chur chun cinn i 2009.



INIÚCHADH AR BHRÚCHÓRAS

Bhí tograí do dhréachtrialacháin agus treoir ghaolmhar á n-ullmhú i 2008 chun feabhas a chur ar an réim reatha d'iniúchadh brúchárais.

CUSPÓIR

Feasacht a spreagadh ar na rialacháin nua.

TÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA

Treoir ar fáil agus á húsáid sna hearnálacha ar bhealaí éagsúla, lena n-áirítear íoslódálacha, promóisean ar an nGréasán agus eochairpháirtithe leasmhara.

Táimid chun:

- Eolas a scaipeadh ar na ceanglais nua agus na ceanglais leasaithe mar is gá.
- Coimhoibriú le ballstáit eile trí pháirt a ghlacadh sna coistí AE ábhartha.

OBAIR AR AIRDE

Is gníomhaíocht fíorchontúirteach fós í obair ar airde mar gheall ar an gcineál oibre atá ann. Mar thoradh díreach ar go leor de na tionscnaimh ar thug an tÚdarás fúthu, tá laghdú seasta tar éis teacht ar thimpistí a bhaineann le titim ó airde ó 140 in aghaidh gach 100,000 oibrí i 2001 go dtí díreach os cionn 120 in aghaidh gach 100,000 i 2006; tá laghdú níos mó ná sin tagtha ar ghortuithe marfacha. Leanfaidh an tÚdarás de dhíriú ar an réimse seo trí chóid chleachtais phraiticiúla a sholáthar cosúil le cód dianadóireachta nua a fhorbairt agus an Cód Cleachtais do Scafalra Rochtana agus Oibre nua a chur chun cinn.

CUSPÓIR

Feasacht agus comhlíontacht níos fearr a bhaint amach do shábháilteacht in oibríochtaí dianadóireachta: dianadóireacht ar áitribh chónaithe agus dianadóireacht tráchtála.

TÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA

An dá chuid den Chód Cleachtais nua ar Dhianadóireacht Áitribh Chónaithe agus Dianadóireacht Tráchtála ag céim an chomhairliúcháin phoiblí.

Táimid chun:

- Cód cleachtais nua ar Dhianadóireacht Áitribh Chónaithe agus Dianadóireacht Tráchtála a dhréachtú.



EOCHAIRCHLÁIR NÁISIÚNTA (GNÍOMHAÍOCHT A RÉISÍONN GACH EARNÁIL)

SLÁINTE CHEIRDE

Nuair atáthar sa tóir ar ionaid oibre níos sábháilte agus laghduithe ar ghortuithe agus básanna, déantar dearmad go minic ar shláinte fostaithe. Ach, cailtear níos mó laethanta ó ionaid oibre na hÉireann mar gheall ar dhrochshláinte a bhaineann leis an obair ná mar a chailltear tar éis timpistí. Is é príomhról Rannóg na Seirbhísí Coisc ná drochshláinte a bhaineann le hobair a chosc. Déanann an Rannóg Comhlíontachta iniúchtaí freisin ar na gnéithe agus earnálacha sin a shainaithnítear do mhonatóireacht, bunaithe ar an eolas atá bailithe againn. Anuas ar an bpríomhfhócas atá againn ar thionscnaimh choisc, beimid ag obair go dlúth le heagraíochtaí eile freisin a bhfuil príomhról acu sa réimse cur chun cinn na sláinte agus athshlánaithe. Is é an creatlach atá ann do char den chineál sin ná Ár Straitéis Sláinte agus Folláine san Ionad Oibre

CUSPÓIR

Dul chun cinn mór a dhéanamh ar mholtaí na Straitéise Sláinte agus Folláine san Ionad Oibre a chur i bhfeidhm.

TÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA

Cuntas dheireadh na bliana ar dhul chun cinn, idir chainníochtúil agus cháilíochtúil, le táscairí inmheánacha agus seachtracha (eagraíochtaí eile).

Táimid chun:

- Moltaí na Straitéise Sláinte agus Folláine san Ionad Oibre a chur i bhfeidhm.
- Moltaí na Tuarascála Drummond a chur ar aghaidh maidir le galair cheirde a thuairisciú de réir threoir an Bhoird.
- Comhairle mhíochaine cheirde a chur ar fáil.
- Córas nua Garchabhrach a neadú agus é a athbhreithniú ag deireadh na bliana.
- Tionscnamh a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun tacú le cuideachtaí beaga agus micrea-chuideachtaí ar shláinte san ionad oibre.
- Treoir d'fhostóirí agus fostaithe ar mheiscigh ag an obair a bhainistiú a fhorbairt agus a fhoilsiú.



MEABHAIRSHLÁINTE A BHAINNEAN LE HOBAIR

Tá meabhairshláinte fostaithe chomh tábhachtach agus atá a sláinte fhisiciúil. Tá fianaise ann go mbíonn tionchair ag tosca oibre ar mheabhairshláinte fostaithe. Tá fonn mór ar fhostóirí anois gnéithe sin na hoibre a shainaithint a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh don tsláinte agus measúnuithe priacail cuí a dhéanamh chun cabhrú leo na cúrsaí seo a rialú. Díreoidh an tÚdarás sa chéad bhliain eile ar thacú le hionaid oibre ó thaobh dul i ngleic le priacail do mheabhairshláinte.

CUSPÓIR

Fianaise a bhailiú lena n-áirítear ábhar cás-staidéir a chabhróidh le hionaid oibre priacail do shláinte fostaithe a bhaineann le hobair a chosc.

TÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA

Tionscadal Work Positive tugtha chun críche agus cás-staidéir forbartha chun tacú le cosc amach anseo.

Measúnú dearfach ó ionaid oibre a ghlacann páirt.

Táimid chun:

- Plean gníomhaíochta a fhorbairt i ndiaidh torthaí a fhoilsiú faoi thaighde ar thuairimí agus iompraíochtaí sábháilteachta san earnáil foirgníochta agus cabhrú le cur chuigeanna níos fearr a fhorbairt san earnáil sin.
- Treoir a ullmhú ar mheasúnuithe priacail ar strus do ghnóthais bheaga agus mheánmhéide.
- An tionscnamh Work Positive ar cuireadh tús leis i 2008 a thabhairt chun críche, lena n-áirítear cás-staidéir agus measúnacht leis na cuideachtaí rannpháirtíochta a fhoilsiú.
- Seasca cuairt a bhaineann le bainistíocht struis a dhéanamh ar an ionad oibre.

SLÁINTE MHATÁNCHNÁMHARLAIGH

Léiríonn staitisticí ón bPríomh-Oifig Staidrimh go raibh 71,400 duine i bhfostaíocht thíos le breoiteacht i 2006 agus gurb ionann neamhoird mhatánchnámharlaigh cosúil le stangadh matáin agus 55% de na breoiteachtaí go léir a tuairiscíodh. Léiríonn sonraí ó bhunachar sonraí an HSA do 2007 gurb é láimhsiú fós an chúis le thart agus aon trian de na teagmhais go léir a tuairiscíodh. De réir na fianaise eolaíochta reatha ba chóir dul i ngleic le sláinte mhatánchnámharlaigh trí dhírú níos mó ar fheabhsuithe fisiciúla a chur i bhfeidhm ag leibhéal an ionaid oibre.

Beidh obair an Údaráis sa réimse seo dírithe ar chosc. Bainimid leas as torthaí an taighde atá bunaithe ar fhianaise chun straitéisí le tabhairt faoi shláinte mhatánchnámharlaigh a chur ar an eolas agus chun eolas ábhartha a chur ar fáil a thacóidh le hionaid oibre.



CUSPÓIR

Idirghabháil bunaithe ar chosc a sholáthraíonn tacaíocht phraiticiúil d'ionaid oibre a chur i bhfeidhm.

TÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA

Treoir bhreise a fhorbairt faoi mheasúnú priacail sainearnála.

Táimid chun:

- Seachtó iniúchadh a chur i gcrích ar láimhsiú agus trealamh scailéan taispeána.
- Forfheidhmiú chaighdeáin oiliúna láimhsithe FETAC a thabhairt chun críche.
- Torthaí an tionscadail taighde ar láimhsiú i bhfoirgníocht a fhoilsiú.
- Treoir a ullmhú ar mheasúnú priacail ar láimhsiú in óstáin a dhéanamh.
- Scagadh a dhéanamh ar chomhthionscnaimh a fhorbairt ar shaincheisteanna slabhra an tsoláthair le Feidhmeannais Sláinte agus Sábháilteachta Thuaisceart Éireann agus na Ríochta Aontaithe.

OIDEACHAS

Tá an tÚdarás den tuairim gurb é oideachas an ghné is tábhachtaí de chultúr sábháilteachta a chothú. Is é an chiall atá leis seo ná go gcaithfidimid tionchar a bheith againn ar an gcóras oideachais foirmiúil ag an gcéim is luaithe agus is féidir lena chinntiú go mbeidh an dearcadh 'sábháilteachta ar dtús' ag daoine óga ionas go gcoinneofar iadsan agus na daoine mórtimpeall orthu slán sábháilte nuair a thosóidh siad amach san ionad oibre.

Léiríonn taighde an Údaráis go bhfuil jabanna páirtaimseartha ag 50% de leanaí ag leibhéal iar-bhunscoileanna faoi láthair nó go raibh jabanna páirtaimseartha acu agus go bhfuil go leor díobh ag obair san earnáil fáilteachais, a bhfuil uaireanta fada agus ardleibhéal ghortaithe ag baint leis. Tá os cionn 900,000 mac léinn lánaimseartha in oideachas in Éirinn inniu agus 300,000 duine óga san aoisghrúpa 15-24 i lucht oibre na hÉireann.

Cuirimid cur chuige ilsraithe i bhfeidhm maidir le straitéis oideachais an Údaráis. Anuas ar na tionscnaimh atá aige atá dírithe orthu siúd atá fostaithe san earnáil oideachais, a bhfuil plé orthu thuas, déanaimid iarracht tionchar a bheith againn an ar an gcóras oideachais é féin trí:

- Obair chun sláinte agus sábháilteacht a phrómhshruthú i ngach leibhéal den oideachas.
- Tacaíochtaí do mhúinteoirí agus acmhainní ranga a sholáthar.
- Comhthionscnaimh le heagraíochtaí ar aon intinn linn a chur i bhfeidhm.

CUSPÓIR

An t-ábhar sláinte agus sábháilteachta sa churaclam náisiúnta a mhéadú agus a fheabhsú ag gach leibhéal an oideachais trí idirghabháil leis an gcóras oideachais foirmiúil.



TÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA

Ardleibhéil feasachta san oideachas agus an-leas á mbaint as acmhainní sláinte agus sábháilteachta agus ábhair foghlamtha a d'fhorbair an tÚdarás.

Ag leibhéal bunscoile táimid chun:

- Bliain 3 den chlár Éachtaí na nÓg 'Our Nation' a chur i bhfeidhm i mbunscoileanna, a mbeidh réim de 19,800 dalta bunscoile aige thar thrí bliana an tionscadail.
- Urraíocht a dhéanamh ar Aonach Eolaíochta na mBunscoileanna ag Taispeántas na nEolaithe Óga agus Teicneolaíochta BT in Eanáir 2009. Is éard a bheidh i gceist leis seo ná taispeántas 100 tionscadal ranga bunscoile a bhaineann le heolaíocht agus sábháilteacht, bronnadh na nduaiseanna agus siamsaíocht oideachasúil do leanaí. Tabharfar cuireadh chuig bunscoileanna i dTuaisceart Éireann páirt a ghlacadh ann i 2009.
- An treoirhionscadal Keep Safe (Dún na nGall) a leathnú go dtí contae eile agus breathnú ar a indéantacht ar scála níos leithne. Tá an tionscadal seo dírithe ar dhaltaí rang a cúig agus rang a sé a thabhairt le chéile, taobh amuigh den seomra ranga, le haghaidh sraith cur i láthair idirghníomhach a mbeidh gach eagraíocht a bhfuil cúram sábháilteachta orthu páirteach iontu.

Ag leibhéal bunscoile táimid chun:

- An clár Choose Safety a fheidmiú go céimneach, ar leibhéal náisiúnta, atá dírithe don chuid is mó ar dhaltaí a ullmhú do shaol na hoibre agus go sonrach do chlár na hIdirbhliana, na hArdteiste Feidhmí agus do Ghairmchlár na hArdteistiméireachta.
- Córas tacaíochta ar líne a chur i bhfeidhm, trí shuíomh Gréasáin an Údaráis, do mhúinteoirí a úsáideann an clár.
- Leanúint de bheith ag obair leis an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (NCCA) ar shláinte agus sábháilteacht a phríomhshruthú sa churaclam náisiúnta, tríd a tuarascáil a chur i bhfeidhm.
- Dréachtú agus tástáil Aonad Trasdula a thabhairt chun críche i gcomhréir le treoirlíne NCCA.
- Earraí teagaisc ríomhfhoghlamtha a fhorbairt agus a threoir chun cabhrú le daltaí ullmhú do thaithí oibre agus do shaol na hoibre ó thaobh na sláinte agus sábháilteachta.
- Bogearraí cluichí oideachasúla ar mheasúnú priacail dírithe ar dhaltaí iar-bhunscoile, ar féidir teacht orthu i d'aonar nó sa seomra ranga, a sholáthar go céimneach.
- Acmhainní teagaisc agus foghlamtha a fhorbairt nuair is gá, le tacaíocht ó na Seirbhísí Tacaíochta Dara Leibhéal, ag leanúint ónár n-idirghábhálacha leis an NCCA ar fhorbairt churaclaim.
- Cás-staidéar a fhorbairt don tsraith Spirit of Enterprise (acmhainn foghlamtha dírithe ar mhúinteoirí gnó) atá le scaipeadh ar na hiar-bhunscoileanna go léir.
- Bliain 3 den chlár Éachtaí na nÓg 'Our Company' a chur i bhfeidhm i mbunscoileanna, a mbeidh réim de 10,200 dalta bunscoile aige thar thrí bliana an tionscadail.



Ag an tríú leibhéal táimid chun:

- An tionscadal taighde leis an Institiúid Sláinte agus Sábháilteachta Ceirde ar stádas agus ábhar na sláinte agus sábháilteachta in eochairchúrsaí ag institiúidí tríú leibhéal in Éirinn a thabhairt chun críche.
- Ualach Oibre an Ghrúpa Tionscnamh Triú Leibhéal den Choiste Comhairleach Foirgníochta a bhainistiú agus a sheachadadh, a chuireadh:
 - Dul i dteagmháil le hinstitiúidí tríú leibhéal maidir le gnéithe oideachasúla sláinte agus sábháilteachta do ghairmithe foirgníochta
 - Dul i dteagmháil le gníomhaireachtaí/ institiúidí a leagann riachtanais oiliúna maidir le sláinte agus sábháilteacht síos dóibh siúd atá sa tionscal foirgníochta
 - Dul i dteagmháil le comhlachtaí gairme maidir le gnéithe oideachasúla sláinte agus sábháilteachta do ghairmithe foirgníochta
 - Réimsí taighde féideartha a chóradh agus a fhiosrú agus meicníochtaí maoinithe féideartha a fhoinsiú
 - Feasacht a spreagadh ar cheanglais reachtaíochta sláinte agus sábháilteachta i measc mac léinn atá ag glacadh páirte i gcláir a bhaineann le foirgníocht.
- Lucht acadúil atá ag cleachtadh a chur ar an eolas faoi fhorbairtí sa réimse sláinte agus sábháilteachta trí r-nuachtlitir a scaipeadh ag plé go sainiúil le cúrsaí a bhaineann le foirgníocht.
- Dul i dteagmháil le hinstitiúidí tríú leibhéal aonair d'fhonn cabhrú leo sláinte agus sábháilteacht a thabhairt isteach i gcúrsaí arb ann dóibh cheana agus i gcúrsaí nua.

CLÁR UM CHUMARSÁID SHEACHTRACH AGUS TEAGMHÁIL LE CUSTAIMÉIRÍ

Tugann an tÚdarás faoi raon leathan gníomhaíochtaí cumarsáide ina measc feachtais le feasacht a spreagadh a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt; foilseacháin a dhearadh, a tháirgeadh agus a scaipeadh; preasráitis agus fógaí do na meáin a dhréachtú agus a eisiúint; an suíomh Gréasáin corparáideach a chothabháil agus a nuashonrú; seimineáir, imeachtaí agus comhdhálacha a phleanáil agus a bhainistiú; agus dul i dteagmháil leis an bpobal, le fostóirí agus le fostaithe. Tá an obair seo réamhghníomhach agus frithghníomhach.

CUSPÓIR

Cinntiú go ndírítear go réamhghníomhach ar na heochairpháirtithe leasmhara go léir le teachtaireachtaí feiliúnacha an Údaráis agus go bhfuil siad eolach agus go bhfuil rochtain acu ar fhaisnéis agus treoir ábhartha go léir an Údaráis.



TÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA

Teachtaireachtaí sábháilteachta ríthábhachtacha sa fearann poiblí.

Na foilseacháin go léir ag freastal do riachtanais an spriocmhargaidh agus ar fáil go héasca dóibh.

Suíomh Gréasáin nuashonraithe agus fáil go héasca air.

Táimid chun:

- Caidreamh a bhainistiú go gníomhach laistigh den raon iomlán de na meáin náisiúnta agus réigiúnacha agus preasráitis atá spriocdhírthe go feiliúnach agus fógraí do na meáin a tháirgeadh.
- Féiniúlacht chorparáideach uilig an Údaráis a bhainistiú trí chinntiú go gcloífear le treoirlínte brandaí.
- Raon leathan foilseacháin dírithe ar fheasacht a spreagadh a dhearadh, a tháirgeadh agus a scaipeadh.
- An eilimint chumarsáide den Údarás a a bhainistiú agus tacaíocht chumarsáide a sholáthar dó ag eochairimeachtaí, cosúil le Taispeántas na nEolaithe Óga agus na Teicneolaíochta, Comhdháil Náisiúnta ar Shábháilteacht i gCairéil, Comhdháil Náisiúnta ar Shábháilteacht ar an bhFeirm agus Comórtais Náisiúnta Treabhdóireachta.
- Caighdeán an Customer Contact Association a chothabháil don Aonad Teagmhála Ionaid Oibre agus cinntiú go bhfuil na hidirghníomhaíochtaí custaiméirí go léir láimhsithe ar bhealach gairmiúil agus béasach.
- Réiteach a chur i bhfeidhm chun glaonna a thaifeadadh d'fhiosrúcháin a thagann isteach ó chustaiméirí chuig an Aonad Teagmhála Ionaid Oibre.
- Na spriocanna seo a leanas a bhaint amach maidir leis an Aonad Teagmhála Ionaid Oibre:
 - Cinntiú go bhfuil an ráta 'glaonna tréigthe' níos lú ná 5% ar an meán.
 - 90% de ghlaonna custaiméirí a fhreagairt laistigh de mheán de chúig shoicind déag
 - 90% de ríomhphoist agus litreacha a fhreagairt laistigh de thrí lá oibre
 - Déileáil go díreach le 85% ar an meán d'fhiosrúcháin ghinearálta laistigh den aonad é féin.
- Tacú le hobair na Rannóige Comhlíontachta agus na gcigirí allamuigh trí fheachtais iniúchta fheiliúnacha a chur chun cinn.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar shuíomh Gréasáin an Údaráis agus an cur i láthair atá air a bhainistiú ionas go mbeidh an t-eolas ábhartha go léir éasca le teacht air agus ar fáil i bhformáid fheiliúnach. Cuimsíonn sé an rannán 'FAQ' de shuíomh Gréasáin an Údaráis a bhainistiú, cinntiú go bhfuil sé á chothabháil agus a nuashonrú bunaithe ar reachtaíocht nua, fiosrúcháin chustaiméirí etc.
- An caidreamh idir an Údarás agus an Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair a bhainistiú, lena n-áirítear Dámhachtainí Dea-chleachtais Bliantúla an AE agus Seachtain Sábháilteachta na hEorpa a bhainistiú trí líonra an Lárionaid Náisiúnta Sábháilteachta is Sláinte.
- Mór-imeacht a eagrú chun cothrom fiche bliain an Achta um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 1989 a shonrú, a rinne foráil don Údarás a bhunú.



AN RANNÓG SEIRBHÍSÍ CORPARÁIDEACHA

Tá an rannóg seo dírithe ar spriocanna straitéiseacha 5 agus 6 a sheachadadh, chun:

- Clár taighde a fhorbairt ar réimsí ardphriacail reatha, na todhchaí agus ar réimsí ardphriacail atá ag teacht chun cinn.
- Cinntiú go seachadann an tÚdarás a spriocanna corparáideacha ar aon dul le dea-chleachtas agus luach ar airgead.

RÓL NA RANNÓIGE

Oibríonn an rannóg mar chumasóir chun tacú leis an Údarás, lena n-áirítear a Bhord, a bhainistíocht agus a fhoireann, a spriocanna a bhaint amach do 2009.

Is é an cuspóir atá againn ná seirbhís do chustaiméirí inmheánach agus treoir straitéiseach den scoth a sheachadadh sna réimsí seo a leanas:

- Rialachas corparáideach
- Taighde agus staitisticí
- Bainistíocht acmhainní daonna
- Bainistíocht airgeadais agus saoráidí
- Teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide
- Forbairt reachtaíochta agus idirchaidreamh roinne
- Bainistíocht chaidirimh le heochairpháirtithe leasmhara.

RIALACHAS CORPARÁIDEACH

CUSPÓIR

Dea-chleachtas do rialachas a chinntiú san Údarás.

TÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA

Comhlíonadh le reachtaíocht agus treoirlínte maidir le hEitic in Oifig Phoiblí.

Faigheann an cathaoirleach agus baill den bhord an t-eolas is gá, lena n-áirítear an t-eolas treorach ábhartha go léir, cúig lá roimh gach cruinniú de chuid an Bhoird.



Táimid chun:

- Tacaíochtaí riachtanacha a sholáthar d'obair an Bhoird agus a fhochoistí.
- Cinntiú go gcuirtear an t-eolas is gá ar fáil don Bhord ionas go mbeidh cinnteoireacht thráthúil agus eolach ann.
- Reachtaíocht um Eitic in Oifig Phoiblí a chur i bhfeidhm laistigh den Údarás.
- Cód an Rialachais Chorparáidigh do Ghníomhaireachtaí Stáit a chur i bhfeidhm agus tuairisciú don Aire ar ár bhfeidhmíocht mar is cuí.
- Cinntiú go bhfuil cigirí barántaithe chun iniúchtaí ar an ionad oibre a dhéanamh.
- Cinntiú go leanfar de chórais bhainistíochta taifead a oibriú go rathúil agus go soláthrófar tacaíocht leanúnach do riarthóirí agus foireann taifead.

TAIGHDE AGUS STAITISTICÍ

CUSPÓIR

Bonn fianaise a sholáthar do chinntí agus gníomhartha beartais an Údaráis.

TÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA

Léanúint de mhonatóireacht a dhéanamh ar raon foinsí sonraí d'fhoinsí priacail arb ann dóibh cheana agus atá ag teacht chun cinn.

Achoimre ar Staitisticí Gortaithe, Breoiteachta agus Básanna san Ionad Oibre a tháirgeadh i Q2, 2009.

Táimid chun:

- Táirgeacht staitisticí thráthúil agus chruinn a sholáthar do phreasráitis, réamhcheisteanna, suíomh Gréasáin an Údaráis etc.
- Cinntiú go gcomhlíonann an tÚdarás ceanglais Eopacha maidir le sonraí a thuairisciú.
- Sonraí faoi ghortuithe tuairiscithe go bliantúil a chur faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh faoin 30 Meitheamh 2009.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar chórais taifead an Údaráis chun comhlíonadh níos fearr le caighdeán agus modheolaíochtaí rangaithe idirnáisiúnta a chinntiú.
- Foirmeacha tuairiscithe ar líne a leasú.
- Foirm pháipéir do theagmhas a thuairisciú a leasú, ar an gcoinníoll go bhfaightear faomhadh an Bhoird.
- Córas iniúcháireachta a fhorbairt chun rialú cáilíochta ar ionchur sonraí a chinntiú.
- Foireann ionchurtha sonraí a oiliúint chun tuiscint ar chórais leasaithe a chinntiú.
- Ionadaíocht a dhéanamh don Údarás ar an ngrúpa oibre European Scoreboard a bhfuil sé mar dhualgas air ceistneoir a fheidhmiú agus a fhorbairt chun measúnú a dhéanamh ar dhul chun cinn ó thaobh Straitéis na hEorpa ar Shláinte agus Sábháilteacht ag an Obair 2007–2012.



- Dul i gcomhairle leis an ngrúpa oibre náisiúnta a bhfuil sé de dhualgas orthu foinsí sonraí a fhorbairt do ghlalar ceirde, agus nuashonruithe ar dhul chun cinn a chur ar aghaidh go Eurostat.
- Críochnú an tionscadail taighde ag fiosrú láimhsiú san earnáil foirgníochta a bhainistiú.
- Comhoibriú leis an Institiúid Sláinte agus Sábháilteachta Ceirde chun staidéar ar oiliúint sláinte agus sábháilteachta san earnáil oideachais tríú leibhéal a choimisiúnu.
- Tús a chur le tionscadail taighde bhreise laistigh den bhuiséad taighde atá ar fáil.

ACMHAINNÍ DAONNA (HR)

CUSPÓIR

Cinntiú go gcomhlíonann córais bhainistíochta HR an Údaráis dea-chleachtas, go dtacaíonn siad le baint amach ár spriocanna corparáideacha agus go seachadann siad leibhéil chomhaontaithe seirbhísí do chustaiméirí do rannóga eile de chuid an Údaráis.

TÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA

Comhaontuithe le heochairchustaiméirí ar leibhéal seirbhíse réitithe agus curtha i bhfeidhm agus monatóireacht déanta orthu.

CÓRAIS A CHOTHABHÁIL

Táimid chun:

- An clár earcaíochta a bhainistiú lena chinntiú go mbeidh foireann inniúil fostaithe go tráthúil.
- Monatóireacht a dhéanamh ar ár gcórais bhainistíochta feidhmíochta chun cur chuige comhsheasmhach a bhaint amach.
- Ár mbeartais agus córais earcaíochta, tuarastail, bainistíochta tinrimh, sláinte ceirde, smachta agus comhionannais a chothabháil agus a fhorbairt.
- Caidreamh tionsclaíoch cobhsaí a chothabháil trí theagmháil leanúnach le leasa na foirne.
- Seirbhís sláinte ceirde foirne chuimsitheach a bhainistiú.
- Cláir inductúcháin foirne, fobairt cigirí agus foghlaim agus forbairt foirne a chur ar fáil.
- Cláir foghlamtha agus forbartha ar dhéileáil le gnéithe ar fad na bainistíochta feidhmíochta go háirithe dul i ngleic le tearcfheidhmíocht a bhainistiú agus a sheachadadh do bhainisteoirí.
- Ár seachadadh oiliúna a mheasúnú chun aistriú foghlamtha agus luach ar airgead a chinntiú.
- Comhlíonadh leis na beartais agus ceanglais dlí HR inmheánacha ar fad a chinntiú.



TIONSCADAIL FORBARTHA

Táimid chun:

- ■ Monatóireacht a dhéanamh ar chomhaontuithe le heochairchustaiméirí ar leibhéal seirbhíse agus iad a chur i bhfeidhm.
- ■ Straitéis nua HR a fhorbairt chun tacú le straitéis fhoriomlán an Údaráis.
- ■ Moltaí a chur i bhfeidhm ón athbhreithniú Excellence Through People.
- ■ Beartas bainistíochta tinrimh nua a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm.
- ■ Tionscnaimh chomhionannais a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm tríd an gCoiste Comhpháirtíochta.
- ■ Cláir a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun scileanna oiliúna a fheabhsú.
- ■ Cinntiú gur eochairghné den phróiseas PMDS (córas bainistíochta agus forbartha feidhmíochta) atá san fhorbairt foirne.
- ■ Ábhair oiliúna ar líne a fhorbairt do raon de chláir scileanna boga.
- ■ Beartas soghluaisteachta inmheánach a fhorbairt do na gráid riaracháin.
- ■ Athbhreithniú a dhéanamh ar éifeachtacht tionscnaimh chomhionannais agus dínite.
- ■ Oiliúint scileanna imscrúdaitheora a sholáthar do bhainisteoirí sinsearacha i ndáil le beartais araíonachta agus bulaíochta agus ciaptha.

BAINISTÍOCHT AIRGEADAIS AGUS SAORÁIDÍ

CUSPÓIR

Cinntiú go gcomhlíonann córais bhainistíochta agus soláthair airgeadais an Údaráis deachleachtas agus go dtacaíonn siad le baint amach ár spriocanna corparáideacha agus go seachadann siad leibhéal comhaontaithe seirbhísí do chustaiméirí do rannóga eile de chuid an Údaráis.

TÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA

Comhaontuithe le heochairchustaiméirí ar leibhéal seirbhíse réitithe agus curtha i bhfeidhm agus monatóireacht déanta orthu.

Tacaíocht faighte ag sealbhóirí buiséid maidir le comhlíontacht iniúchtaí, ionracas agus luach ar airgead.

Feidhmithe laistigh den bhuiséad comhaontaithe.

CÓRAIS A CHOTHABHÁIL

Táimid chun:

- ■ Cuntais bhliantúla do 2008 a chríochnú roimh dheireadh mhí Feabhra 2009.
- ■ Cinntiú go bhfuil rialúcháin láidre ann do phróisis airgeadais agus go bhfuil sócmhainní an Údaráis cosanta go héifeachtach.



- A bheith ullamh le freagairt go tapa do shaincheisteanna acmhainní a eascraíonn as an staid dúshlánach fiosach
- Cinntiú nach sáraíonn an tÚdarás a bhuiséad foriomlán i 2009.
- Cinntiú go seachadtar párolla gan lucht ar fhoireann an Údaráis.
- Cinntiú go n-úsáideann foireann agus bainisteoirí na córais taistil agus cothaithe go feiliúnach agus go ndéantar íocaíochtaí d'fhoireann agus do sholáthraithe go pras.
- Tacaíocht a sholáthar do Choistí Airgeadais agus Iniúcháireachta Inmheánaí an Bhoird.
- Pleananna do thuarascáil iniúcháir a fhorfheidhmiú a dhréachtú agus a chur i bhfeidhm.
- Idirbheartú leis an Roinn Fiontar Trádála agus Fostaíochta lena chinntiú gur leor deontas 2010 le cur ar chumas an Údaráis freastal dá gculpóirí feidhmíochta.
- Cinntiú go soláthraítear cóiríocht ardcháilíochta, shábháilte agus inrochtana.

TIONSCADAIL FORBARTHA

Táimid chun:

- Athbhreithniú a dhéanamh ar chórais eolais agus tuairiscithe do bhainistíocht airgeadais agus tuairisciú níos fearr ar eolas airgeadais a sholáthar do shealbhóirí buiséid.
- Ríomhaistriú airgid iomlán d'íocaíochtaí creidiúnaithe a chur i bhfeidhm.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar oibriú córais soláthair leictreonaigh agus taistil agus chothaithe.
- An córas soláthair a athbhreithniú agus a nuashonrú agus tacú le baill foirne ó thaobh an chóras a úsáid.
- Deasc chabhrach bhainistíochta leis na háiseanna uilig a thabhairt isteach.
- Nósanna imeachta slándála a athmheasúnú ag oifigí saothair allamuigh agus ceanncheathrú an Údaráis.

TEICNEOLAÍOCHTAÍ FAISNÉISE AGUS CUMARSÁIDE (ICT)

CUSPÓIR

Córais agus próisis ICT a chothabháil, a fhorbairt agus comhairle a thabhairt orthu chun tacú le cláir an Údaráis.

TÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA

Seirbhís ar fáil d'úsáideoirí 99.5% de chroí-fheidhmchláir

CÓRAIS A CHOTHABHÁIL

Táimid chun:

- Comhaontuithe ar leibhéal oibrúcháin a fhorbairt a shainmhíniú cineál agus leibhéal na seirbhíse is fearr a fhreastalaíonn do riachtanais an Údaráis.



- Tacaíocht theicniúil a sholáthar d'fhoireann don chóras tacaíochta forfheidhmithe nua (GeoSmart).
- Ár gcórais chumarsáide agus córais teileafóin a chothabháil agus a fheabhsú agus freastal do na riachtanais atá ag méadú inár n-oifig i gCill Chainnigh.
- Córais bhreise a fheidhmiú go céimneach ionas go mbeidh cianrochtain ag ball foirne.
- Ár suíomh Gréasáin a fhorbairt chun freastal d'iarrais ar eolas ar líne.
- Cumas leanúnachais gnó/ athshlánú tar éis tubaiste a chothabháil.
- Éifeachtúlacht chostais ár gcóras a chinntiú.
- Tacaíocht a sholáthar d'úsáideoirí agus córais a chothabháil agus a uasghrádú.
- Inlín an Údaráis a fhorbairt mar thairseach ghnó.

TIONSCADAIL FORBARTHA

Táimid chun:

- Ár gcóras forfheidhmithe nua (GeoSmart) a úsáid agus a chothú.
- Athbhreithniú cuimsitheach ar shlándáil ICT a dhéanamh.
- Measúnú a dhéanamh ar theicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn d'fhonn na réitigh is fearr a fháil le freastal do riachtanais an Údaráis.
- Tacú le cur i bhfeidhm REACH-IT (bunachar sonraí ar shreabhadh oibre do chlárú, measúnacht agus measúnú ceimiceán a d'fhorbair an Ghníomhaireacht Eorpach Ceimiceán).
- Bonnagar líonra na ceanncheathrún a nuashonrú chun feidhmíocht a fheabhsú dár gcustaiméirí.
- Teicneolaíocht a athbhreithniú chun tacú leis an seanchóras forfheidhmithe (SAFE) mar bhunachar sonraí tagartha le costais a shábháil.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar bhonneagar teileachumarsáide.

FORBAIRT REACHTAÍOCHTA AGUS IDIRCHADREAMH ROINNE

CUSPÓIR

Leanúint ar aghaidh leis an bpróiseas de reachtaíocht sláinte agus sábháiteachta reatha a nuachóiriú i gcomhréir leis na prionsabail de 'Rialú níos fearr' ionas go mbeidh sé inrochtana, i gcomhréir agus éifeachtach.

TÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA

Córas forbartha agus curtha i bhfeidhm chun Rialacháin an Achta Sábháilteachta Ceimiceán agus rialacháin 'theicniúla' ghaolmhara a chur ar aghaidh go héifeachtach faoi Achtanna na gComhphobal Eorpach.



Tograí curtha faoi bhráid an Fhochoiste Reachtaíochta agus Treorach agus an Bhoird laistigh d'fhrámaí ama comhaontaithe.

Táimid chun:

- Deiseanna a shainnithint agus a mheasúnú chun ualaigh rialúcháin ar fhostóirí a laghdú fad agus a gcoinnítear forálacha riachtanacha sláinte agus sábháilteachta maidir le:
 - Eolas nó fógraí a chur faoi bhráid an Údaráis
 - Tús a chur le hathbhreithniú ar fhorálacha an Achta um Shábháilteacht i dTionscal 1955 agus 1980 ag tosú leis na Rialcháin maidir le Dugaí (Sábháilteacht, Sláinte agus Leas) 1960 (IR Uimh. 279 de 1960), ag féachaint chuig iad a aisghairm agus/ nó rialacháin eile a chur ina n-ionad.
- Próiseas anailíse ar thionchar rialúcháin a úsáid le chinntiú go bhfuil na tograí reachtaíochta nua riachtanach agus comhréireach.
- Tograí reachtaíochta a fhorbairt chun an reachtaíocht beartaithe AE ar rangú, lipéadú agus pacáistiú (Rialachán um Chóras Chomhchuibhrithe Dhomhanda (GHS)) a thabhairt laistigh de réim an Achta Ceimiceán 2008.
- Tograí reachtaíochta a fhorbairt chun leasuithe ar bith ar airteagail, nó aguisíní, gach ceann nó ceann ar bith de Rialúchán Rotterdam, Rialúchán Glantach, Rialúchán REACH agus Rialúchán GHS a thabhairt laistigh de réim an Achta Ceimiceán 2008.
- Tograí a fhorbairt do rialacháin faoin Acht Ceimiceán 2008 chun dul in ionad rialacháin Acht na gComhphobal Eorpach 1972 ar rangú, pacáistiú agus lipéadú substaintí agus ullmhóidí contúirteacha, mar is gá, chun rialacháin arb ann dóibh cheana ar mhargaíocht agus úsáid substaintí agus ullmhóidí contúirteacha a aisghairm.
- Cabhrú leis an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta (DETE) maidir le tograí agus treoirlínte a fhorbairt chun rialacháin faoin Acht Ceimiceán 2008 a chur in áit Rialacháin 2006 an AE (Mórghuaiseacha Timpistí a mBaineann Substaintí Contúirteacha leo a Rialú) (IR Uimh. 74 de 2006).
- Cabhrú le DETE nó an Roinn Iompair ó thaobh tograí a fhorbairt i ndáil leis na Treoracha maidir le hIompar Earraí Contúirteacha ar Bhóthar, Iompar Intíre Earraí Contúirteacha agus Brú-Threalamh Iniompair.
- Tograí a fhorbairt do rialacháin agus treoirlínte a bhaineann le trasuíomh (faoin 27 Aibreán 2010) na Treorach maidir le Radaíocht Optúil 2006/25/CE de Pharlaimint na hEorpa agus den Chomhairle Eorpach.
- Forbairt tograí reachtaíochta ar bith atá á bhforbairt a thabhairt chun críche ag deireadh 2008.



- Déanfaimid tograí agus treoirlínte reachtaíochta a fhorbairt faoin Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005, faoi réir méid agus framaí ama a bheidh i gceist i bhforbairt na dtograí thuasluaite, chun dul in ionad rialachán eile agus/nó mar rialacháin nua do:
 - Fíneálacha 'Íocaíochta in ionad Ionchúisimh' faoi alt 79 d'Acht 2005
 - Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Mianaigh)
 - Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Báid Iascaireachta)
 - Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Oibreáin Bhitheolaíoch)
- Cabhrú leis an DETE ó thaobh reachtaíochta substaintí contúirteacha a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt.
- Cóid chleachtais a fhorbairt do bhulcstóráil agus dáileadh táirgí inlasta agus do stóráil mhiondíola agus dáileadh táirgí peitriiliam.
- Cóid Cleachtais d'Oibreáin Cheimiceacha nuashonraithe a fhoilsiú, a chuimsíonn an tríú liosta táscach d'uasteorainneacha do nochtadh ceirde.
- Comhairliúchán poiblí iomlán ar chóid chleachtais bheartaithe ar:
 - Úsáid shábháilte de choincreit réamhtheilgthe
 - Dianadóireacht
 - Oibriú sábháilte feithiclí a sheachadann táirgí cairéal
 - Sábháilteacht agus sláinte báid iascaireachta níos lú ná 15 méadar ar fhad a bhfuil criú níos lú ná triúr acu
- Treoirlínte maidir le meiscigh ag an obair a fhorbairt.
- Teagmháil leanúnach agus éifeachtach a sholáthar le DETE maidir leis an gclár reachtaíochta, ábhar freagartha a chomhordú do cheisteanna paraiminteacha, ionadaíochtaí don Aire etc.







AN tÚDARAS SLÁINTE
AGUS SÁBHÁILTEACHTA